An Roinn Cumarsáide
Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Department of Communications,
Energy and Natural Resources

Cumarsáid

Fuinneamh

Acmhainní Nádúrtha

Tuarascáil Bhliantúil 2009

An Roinn Cumarsáide
Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Department of Communications,
Energy and Natural Resources

29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2
Teil: 01 678 2000 Faics: 01 678 3057 LoCall: 1890 44 99 00
(Tugtar faoi deara nach ionann na rátaí a fhéadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla a ghearradh as an uimhir Ghlao-Áitiúil a úsáid)
Láithreán Gréasáin: www.dcenr.gov.ie

Tuarascáil Bhliantúil Dul Chun Cinn chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha faoin Acht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 um fhorfheidhmiú Ráiteas Straitéise na Roinne 2008-2010.

Is féidir cóipeanna den Tuarascáil Bhliantúil seo a íoslódáil ó www.dcenr.gov.ie i bhformáid PDF.

PRN A10/0058

Ráiteas Bunchuspóra na Roinne

"Forbairt infrastruchtúr cumarsáide agus fuinnimh agus margaí a chur chun cinn a chuireann le forbairt eacnamaíochta inbhuanaithe agus leas a bhaint as ár n-acmhainní nádúrtha ar shlí atá táirgiúil agus atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de."

Clár

Leathanach

Réamhfhocal leis an Aire 04

Réamhrá leis an Ard-Rúnaí 05

Achoimre ar na príomhthorthaí 06

CUID I: TUARASCÁLACHA EARNÁLA

CUMARSÁID 11
FUINNEAMH 22
ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA 31

CUID II:

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS, FORBAIRT AGUS NUACHÓIRIÚ 47

AGUISÍNÍ

A: Struchtúr na Roinne 57

B: Vóta 30: Meastacháin agus Toradh 2009 58

C: Reachtaíocht a achtaíodh in 2009 62

D: Anailís ar Thionchar Rialála a rinneadh sa Roinn i rith 2009 66

E: Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne 67

F: Comhlachtaí Tráchtála Státurraithe 71

G: Gluais de na Giorrúcháin a Úsáideadh 72

RÉAMHFHOCAL LEIS AN AIRE

Éamonn Ó Riain, T.D.

Conchúir Ó Luineacháin, T.D.

Tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo ar ghníomhaíochtaí agus éachtaí na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le linn 2006 a chur i láthair.

Leagann an tuarascáil seo amach príomhréimsí gníomhaíochta na Roinne le 12 mí anuas ar fud a réimse leathan freagrachtaí. Leagann sí béim ar phríomhéachtaí na Roinne trí thagairt a dhéanamh do Ráiteas Straitéise na Roinne don tréimhse 2008-2010 agus freisin don obair thábhachtach a dhéanann an Roinn maidir le forbairt eacnamaíocht inbhuanaithe agus dul chun cinn sóisialta.

Ba mhaith liom féin agus le mo chomhghleacaí, An tAire Stáit Conchúir Ó Luineacháin, T.D., aitheantas a thabhairt don obair iontach a rinne bainistíocht agus foireann na Roinne ó thaobh spriocanna agus cuspóirí éilitheacha na Roinne a sheachadadh. Ba mhaith linn ár meas a léiriú don obair leanúnach ar ardchaighdeán a dhéanann gníomhaireachtaí gaolmhara agus comhlachtaí Stáit na Roinne.

Faidh an Roinn aghaidh arís agus arís eile ar go leor dúshlán i 2010 agus i mblianta ina dhiaidh sin chomh maith. Tá ról tábhachtach ag an Roinn maidir le príomhghnéithe chlár oibre beartas an Rialtais go háirithe sna réimsí fuinnimh, cumarsáide, craolacháin agus i gcur chun cinn an Gheilleagair Stuama. Is clár oibre dúshlánach atá anseo ó tharla go bhfuil srianta diana ar acmhainní. Le tiomantas láidir leanúnach ag gach leibheál den Roinn agus le comhoibriú na bpríomhgheallsealbhóirí, táim muiníneach go ndéanfar an clár oibre beartas seo a sheachadadh.



Éamonn Ó Riain, T.D.
An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

RÉAMHRÁ ÓN ARD-RÚNAÍ

Aidan Dunning
An tArd-Rúnaí

Is é seo an dara tuarascáil bhliantúil dhul chun cinn ar fheidhmiú Ráiteas Straitéiseach na Roinne 2008-2010. Sonraítear san tuarascáil seo dul chun cinn agus éachtaí suntasacha i rith 2009 feadh réimse freagrachtaí leathan na Roinne: Sonraítear i **gCuid 1** dul chun cinn sna réimsí beartas fuinnimh, craolacháin, teileachumarsáide agus acmhainní nádúrtha agus i **gCuid II** bainistíocht chorparáideach, bainistíocht airgeadais agus saincheisteanna ar nuachóiriú na seirbhíse poiblí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don díograis, don obair chrua agus don tiomantas láidir a léirigh foireann na Roinne agus buíochas a ghabháil leo as an obair a rinne siad dár spriocanna a bhaint amach in 2009. Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag seachadadh ar leibhéal an-ard ó thaobh a cuid freagrachtaí in aghaidh chúlra ina bhfuil srianta riachtanacha ar acmhainní a raibh tionchar aige ar an leibhéal acmhainní daonna atá ar fáil don Roinn. Laghdaigh líon foirne na Roinne de thart ar 20% i rith 2008 agus 2009. Agus sin mar chúlra, léiríonn an leibhéal suntasach torthaí a baineadh amach in 2009 an táirgiúlacht mhéadaithe sa Roinn

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Aire Éamonn Ó Riain, T.D. agus don Aire Stáit Conchúir Ó Luineacháin, T.D. as a gceannaireacht agus a dtreoir ó thaobh an chláir bheartas a bhí an-dúshlánach, agus a thug an Roinn aghaidh air, a sheachadadh in 2009. Táim ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair faoina gceannaireacht agus an Roinn ag tiomáint roimpi ag comhlíonadh a clár beartas tábhachtach ar fud gach réimse freagrachta na Roinne.

Aidan Dunning
An tArd-Rúnaí

Áiríodh ar Achoimre na bPríomhthorthaí in 2009:

Cumarsáid agus Craolachán

- Creat rialála AE do sheirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonacha, creat athbhreithnithe a tháinig i bhfeidhm an 18 Nollaig 2009.
- Foilsíodh Bille chun rialáil na seirbhísí príomhráta a aistriú ó Regtel chuig ComReg i mí Iúil agus rith Dáil Éireann é i Nollaig 2009.
- An 30 Meitheamh 2009, tháinig an rialachán i bhfeidhm chun seirbhísí téacs agus sonraí a chur san áireamh san rialachán maidir le fánaíocht ar ghuthghlaonna.
- Tar éis próisis tairisceana poiblí, ceapadh e|net mar an tAonán Bainistithe Seirbhísí (MSE) do Chéim II de Líonraí Ceantar Uirbeach (MANanna) in Iúil 2009 go ceann tréimhse 15 bliana.
- Achtaíodh an tAcht Craolacháin 2009 agus cuireann sé creat cuimsitheach agus comhdhlúite ar fáil don earnáil chraolacháin.
- Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) an 1 Deireadh Fómhair 2009.
- Cuireadh an Scéim Fuaime agus Físe isteach chuig an gCoimisiún Eorpach chun Cúnamh Stáit a cheadú.Fuarthas cead ón AE in 2009.
- Tar éis tréimhse fada comhairliúcháin foilsíodh páipéar beartas '*Next Generation Broadband; Gateway to a Knowledge Ireland*' i Meitheamh 2009 agus leagann sé amach an creat beartas straitéiseach chun infheistíocht a dhéanamh i leathanbhanda.
- Leanadh de leathadh amach na Scéime Leathanbhanda Náisiúnta (NBS) agus cuireadh seirbhísí NBS ar fáil i 485 de na Toghranna a sonraíodh roimh Nollaig 2009.
- I mBealtaine 2009, cheadaigh an tAire treoirthionscadal chun 100Mb/s de lúdracht leathanbhanda a sheachadadh chuig 78 iarbhunscoil.Meastar go mbeidh lúdracht ag gach scoil roimh Aibreán 2010.

- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an Tionscadal Comhnáscthachta Idirnáisiúnta (Tionscadal Kelvin) i rith 2009. Tugadh an cábla teileachumarsáide fomhuireáin trasatlantach i dtír ag Port Rois, Co. Aontroma agus bhí an bonneagar snáthoptaice trastíre críochnaithe den chuid is mó roimh dheireadh na bliana.

- Tá an Roinn ag smaoineamh conas is féidir aghaidh a thabhairt ar áitribh tuaithe lasmuigh den scéim NBS nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu trí idirghabháil chuí a úsáideann maoiniú atá ar fáil faoin bPlean Athslánaithe Eacnamaíochta Eorpach (EERP). Fuarthas cead Cúnaimh Stáit do scéim den sórt sin ag deireadh 2009 agus leanfar den obair ar dhearadh sonraithe agus ar chur i bhfeidhm na scéime in 2010.

- Chuir an t-Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC) a fhorbairt chun cinn go tapa in 2009 agus shínigh sé conarthaí do 9 tionscadal taighde aistrithe nua.

- In ainneoin deacrachtaí a tháinig as an moilliú sa mhargadh maoine, lean an Mol Digiteach ag comhlíonadh a fheidhmeanna tábhachtacha agus chruthaigh sé cnuasach fiontar a bhaineann leis an ngeilleagar digiteach rud a chuir fostaíocht ar fáil do 840 duine lánaimseartha agus 350 duine páirtaimseartha.

Fuinneamh

- Rinne an Rialtas, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) agus imreoirí an mhargaidh gníomhartha suntasacha chun feabhas a chur ar iomaíochas maidir le praghsanna fuinnimh agus rogha na dtomhaltóirí a sheachadadh agus bhí iomaíochas suntasach ag forbairt freisin sa mhargadh leictreachais baile.

- Rinneadh dul chun cinn suntasach ar sheachadadh sceideal an idirnascaire leictreachais Soir Siar, lena n-áirítear tacaíocht deontais €110 milliún faoin EERP.

- Shínigh an tAire dearbhú polaitiúil ar Thionscnamh Tíortha na Mara Thuaidh um Eangach Amuigh ón gCósta le hocht mballstát.

- Sheachaid Údarás na hÉireann um Fhuinneamh Inmharthana (SEAI) raon de scéimeanna chun éifeachtúlacht fuinnimh agus úsáid na n-ábhar inathnuaite a chur chun cinn, lena n-áirítear an Scéim Spárála Fuinnimh Baile, an Scéim Tithe níos Teo agus an Scéim Tithe Níos Glaise.

- Tapaíodh cur i bhfeidhm Chlár Fuinneamh na Farraige chun sprioc an Rialtais de 500MW d'fhuinneamh na farraige a bhaint amach roimh 2020.

- Cuireadh an próiseas anailíse sócmhainní tarchuir leictreachais chun cinn faoi chathaoirleach neamhspleách.

- Cuireadh na trialacha iompair custaiméirí agus teicneolaíochta faoin gClár Méadar Cliste chun cinn.

- Tugadh chun críche an díchuachadh dlíthiúil ar an Oibreoir Córais Dáilte (DSO), mar fhochuideachta de ESB atá go hiomlán neamhspleách agus ar leithligh ó thaobh an dlí de.

- Lean an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth leis na comhlachtaí fuinnimh tráchtála Stáit agus lean sí ar aghaidh ag tacú leo chun a gcuid freageachtaí tráchtála agus straitéiseacha a sheachadadh.

- Foilsíodh Plean Gníomhaíochta Náisiúnta an Rialtais um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) i mBealtaine 2009.

- D'oibrigh an Roinn san Eoraip chun torthaí sásúla a sheachadadh faoin Tríú Pacáiste Fuinnimh, faoin Treoir Fuinnimh Inathnuaire, faoin Treoir Slándála Soláthair Ola, agus faoin rialachán do shlándáil soláthair gáis.

Acmhainní Nádúrtha

- Leanadh ar aghaidh leis an obair ar athshlánú na suíomhanna mianach ag Béal Átha Gabhann, Contae Thiobraid Árann.Cuireadh tús le Céim 2 de na hoibreacha feabhsúcháin ag suíomh an Ghoirt Mhóir in Iúil 2009 agus críochnaíodh an chuid is mó de na hoibreacha sin roimh Nollaig 2009.

- Bronnadh Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann faoi Dhreas Ceadúnaithe Imchuach Rocal. Bronnadh Rogha Ceadúnaithe maidir le limistéar sa Mhuir Cheilteach.

- Lean an Roinn ar aghaidh ag seachadadh feachtas bolscaireachta dian saindírithe a bhí dírithe ar eolas a chur ar fáil do thionscal idirnáisiúnta an ola agus an gháis maidir leis na deiseanna taiscéalaíochta agus forbartha atá amuigh ó chósta na hÉireann.

- Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2009 chun moltaí reachtúla a ullmhú chun freagracht reachtúil ar shlándáil na taiscéalaíochta peitriliam a leagadh ar CER, agus uaidh sin príomhthoradh an staidéir sábháilteachta a rinneadh maidir le Píblíne Chladaigh na Coiribe a chur i bhfeidhm.

- Lean an Roinn ar aghaidh ag obair leis na geallsealbhóirí ar Thionscadal Gáis na Coirbe: san áireamh bhí a cuid oibre trí leas a bhaint as a cuid feidhmeanna reachtúla agus trí choimirce Fhóram Thuaisceart Mhaigh Eo a bhí páirtmhaoinithe ag an Roinn.

- Leanadh ar aghaidh den obair ar an mBille Forbartha Mianraí. Meastar go bhfoilseofar an Bille in 2010. Cuireadh obair ar Bhille Geoiteirmeach chun cinn freisin.

- Cheadaigh an Coimisiún Eorpach plean náisiúnta bhainistiú eascann, chun cloí le Rialachán na Comhairle AE 1100/2007, roimh an spriocdháta riachtanach Meitheamh 2009.

- Foilsíodh An Bille um Iascach Intíre 2009, a thugann éifeacht don atheagrú atá beartaithe san earnáil iascaigh intíre, i Samhain 2009.

- Lean suirbhéanna ar ghrinneall na farraige ar aghaidh go foreathan faoin gclár INFOMAR, comhfhiontar de Shuirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann (GSI) agus de Fhoras na Mara.

Seirbhísí Corparáideacha & Airgeadais

- Ba é an tOllchaiteachas do 2009 ná €473.184 milliún, suim a bhí laistigh den leithdháileadh ceadaithe. Mhaoinigh sé sin príomhbhearta sna réimsí Cumarsáide, Craolacháin, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

- Sheachaid an Roinn Plean Iniúchta cuimsitheach chun dearbhú réadúil a thabhairt maidir le dóthanacht nó neamhdhóthanacht na gcóras rialaithe inmheánaigh sa Roinn. Lean an Roinn dá clár oibre Luach Ar Airgead a sheachadadh ar feadh na bliana.

- Laghdaíodh an choibhéis foirne lánaimseartha sa Roinn de 27 in 2009, a léiríonn laghdú de 68 nó 20% ó dheireadh 2007. In ainneoin sin, leanadh de thorthaí agus bheartas a sheachadadh ar chaighdeán an-ard.

- Agus imthosca dúshlánacha an ama ar chúis dóibh an staid airgeadais agus beartas an Rialtais dá réir ar phá agus ar líon na seirbhíse poiblí, lean an Roinn ar aghaidh ag leagan béime ar na réimsí forbartha agus oiliúna foirne.

- Ag deireadh 2009 bhí coibhéis lán-aimseartha 271 ag an Roinn agus iad:

  Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2

  Teach Tom Johnson, Tor an Bhacaigh, Baile Átha Cliath 2

  Baile an Chabháin

CUMARSÁID

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

Cur le fás agus iomaíochas maicreaeacnamaíocha inmharthana agus a chinntiú go bhfuil Éire in ann leas a bhaint as na deiseanna nua sa tsochaí faisnéise agus eolais, trí infheistíocht a chur chun cinn i mbonneagair cumarsáide, trí reachtaíocht thacúil agus timpeallacht rialála thacúil a sholáthar, agus trí cáil a thuilleadh do thaighde agus fhorbairt den scoth sna hearnálacha faisnéise, cumarsáide agus teicneolaíochtaí digiteacha.

Lean an Roinn de chlár oibre an-ghníomhach faoin gceannteideal Cumarsáid in 2009. Seachas tionscnaimh maoinithe spriocdhírithe agus tionscnaimh reachtúla d'fhéach an Roinn le creat beartas a chur chun cinn ar mhaithe le hinfheistíocht agus forbairt sa réimse sin.Ba iad seo a leanas na príomhthorthaí:

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Iomaíocht, nuálaíocht agus fás san earnáil cumarsáide leictreonach a éascú.

Athbhreithniú ar Chreat Rialála AE don Chumarsáid Leictreonach

Ghlac Comhairle agus Parlaimint na hEorpa go foirmiúil le creat rialála athbhreithnithe agus tháinig sé i bhfeidhm i Nollaig 2009. Léirítear an méid oibre a rinne Éire ar shaincheisteanna ar nós cosaint feabhsaithe do thomhaltóirí, bainistíocht speictrim agus nósanna imeachta rialála margaidh níos fearr sa chreat athbhreithnithe. Cuirfear tús leis an gcreat a thrasuíomh san dlí náisiúnta in 2010.

Rialáil na seirbhísí ardráta

Foilsíodh Bille chun rialáil na seirbhísí ardráta a aistriú ó Regtel chuig ComReg i mí Iúil agus críochnaíodh nacéimeanna Dala go léir de i Nollaig 2009 (reachtaíodh é mar Uimh 2 de 2010 ar 30ú Márta 2010).

Speictream

Tar éis na comhchomhairle phoiblí in 2009 ar na prionsabail ar chóir a bheith mar bhonn taca do bhainistiú speictrim, foilseofar páipéar beartas ar bhainistiú speictrim raidió na hÉireann in 2010. Beidh an beartas sách so-athraitheach chun freastal a dhéanamh ar fhorbairtí teicneolaíochta, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do nuálaíocht, taighde agus forbairt agus iad a chur

CUMARSÁID

chun cinn. Ghlac an Roinn páirt chomh maith i bhforbairt beartais ag leibhéal AE chun freastal ar chuspóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC)

Oibríonn an NDRC i gcomhar le hInstitiúidí Tríú Leibhéal, comhlachtaí taighde agus comhlachtaí tráchtála ar chomhthionscadail taighde aistrithe maidir le táirgí digiteacha nuálacha nua a fhorbairt a bhfuil poitéinseal tráchtála acu.Chuir an NDRC forbairt tionscadal atá dírithe ar thráchtáil chun cinn in 2009. Rinne sé conarthaí maidir le 9 tionscadal taighde comhoibritheacha in 2009 agus thionscain sé tionscadail gearrthéarmacha agus tionscadail féidearthachta.

An Mol Digiteach

Leanann Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh (DHDA) ar aghaidh ag tacú le, ag forbairt agus ag cur borradh faoi fhiontar aonair agus comhoibritheach, taighde agus gníomhaíochtaí foghlama a dhíríonn ar tháirgí agus ar sheirbhísí digiteacha den scoth in Éirinn a fhorbairt. Ón taobh sóisialta agus pobail de, dhírigh an DHDA a chuid oibre i réimse litearthachta digití an 21ú hAois.

Bhí drochthionchar ag an gcúlú eacnamaíochta sa mhargadh réadmhaoine le linn 2009 ar chuspóir an DHDA réadmhaoin a fhorbairt ar shuíomh an Mhoil chun éascú don freastal ar níos mó cuideachtaí meán digiteach agus as sin sruth ioncaim a chruthú a chothódh obair na Gníomhaireachta. Chuir sé bac ar an DHDA ó thaobh a chuspóirí a bhaint amach, is é sin, a bheith féinmhaoinithe roimh 2010.

Díbhinn Dhigiteach

D'eisigh an Roinn Páipéar ar fhorbairt Chreat Beartas Náisiúnta, ar a dtugtar an Díbhinn Dhigiteach, chun an speictream a aithint a bheidh ar fáil nuair a aistreofar ó chraolachán analógach chuig craolachán digiteach.

Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ)

Rinne an Roinn idirphlé le British Telecom ar leathadh amach sheirbhís uasghrádaithe agus nua-aimseartha in 2009. Meastar go dtosóidh an tseirbhís ag feidhmiú sa dara leath de 2010.

Pleanáil os choinne Éigeandála

Lean an Roinn de bheith rannpháirteach i dTascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil os choinne Eigeandála.

CUMARSÁID

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Tacú leis na hinfheistíochtaí is gá i mbonneagar cumarsáide leictreonach lena n-áirítear leathanbhanda den chéad ghlúin eile lena chinntiú go gcomhlíonann an earnáil a páirt ó thaobh fhorbairt eacnamaíochta foriomlán a chothabháil agus a fheabhsú.

Rialachán an AE ar Tháillí Fánaíochta

An 30 Meitheamh 2009, tháinig an rialachán i bhfeidhm chun seirbhísí téacs agus sonraí a chur san áireamh san rialachán maidir le fánaíocht ar ghuthghlaonna. Léirigh Éire tacaíocht láidir do leathnú an Rialacháin.

Tionscadal Comhnáscthachta Idirnáisiúnta Kelvin

Cuirfidh Tionscadal Comhnáscthachta Idirnáisiúnta Kelvin cónascthacht teileachumarsáide idirnáisiúnta dhíreach ar fáil idir Iar-Thuaisceart Éireann, Meiriceá Thuaidh (Nua-Eabhrac) agus an Eoraip (Amstardam). Is comhthionscadal Interreg IVA Thuaidh/Theas é Kelvin idir an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta Thuaisceart Éireann (DETINI) agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, tionscadal arna mhaoiniúe ag an AE.Cuireadh Tionscadal Kelvin go mór chun cinn i rith 2009. Tugadh an cábla teileachumarsáide fomhuireáin trasatlantach i dtír ag Port Rois, Co. Aontroma, agus bhí an bonneagar snáthoptaice trastíre a chuirfidh comhnáscthacht idirnáisiúnta ar fáil do na Pointí Láithreachais Kelvin críochnaithe den chuid is mó roimh dheireadh na bliana.

Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile (NGB)

Tar éis tréimhse fada comhairliúcháin foilsíodh páipéar beartais *'Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile: Geata go dtí Éire an Eolais* i Meitheamh 2009 agus leagann sé amach creat beartas straitéiseach an Rialtais chun infheistíocht a dhéanamh san leathanbhanda. Áirítear ar na príomhthionscnaimh an cuspóir chun luasanna leathanbhanda a bheith ar chomhchéim le tíortha comparáideacha roimh 2012, an Scéim Leathanbhanda Náisiúnta (NBS); an tionscnamh 100 Mb/s (meigighiotán sa soicind) leathanbhanda chuig scoileanna; rochtain ar bhonneagar leathanbhanda an Stáit a éascú; agus dualgas a leagadh ar áitreabh nua naisc snáthoptaice le rochtain oscailte a shuiteáil, más féidir.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Feabhas a chur ar uilechuimsitheacht eacnamaíochta agus shóisialta agus forbairt réigiúnach agus iomaíochas a fheabhsú.

CUMARSÁID

An Scéim Leathanbhanda Náisiúnta (NBS)

Tá an NBS ag cur seirbhísí leathanbhanda inacmhainne, inscálaithe ar fáil i dToghranna (ED) ainmnithe áirithe, áiteanna ar measadh go raibh fáil neamhdhóthanach ar leathanbhanda ann. Is cuspóir tábhachtach beartais é saoráidí leathanbhanda i gceantair tuaithe a leathnú agus cur lena nglacadh. Cuirfidh líonadh na deighilte digití le cumas na hÉireann páirt níos fearr a ghlacadh i sochaí an eolais.

I Nollaig 2008, de thjoradh phróisis fála a bhí neodrach maidir le teicneolaíocht, chuaigh an Roinn i mbun conartha le comhlacht *Hutchison 3G Ireland Ltd* (atá ag trádáil mar "3") chun an NBS a chur i bhfeidhm.Tá infheistíocht measta de €223 milliún ó 3 i gceist leis an NBS agus tiocfaidh uasmhéid de €79.8milliún ar siúd ón Roinn agus ón AE.

Tá 3 ag cur chun cinn leathadh amach an líonra agus ón 31 Nollaig 2009, bhí seirbhísí NBS le fáil i 48% de na Toghranna NBS.Beidh freastal ar an limistéar iomlán faoi réir NBS, ina bhfuil 1,028 Toghroinn, roimh dheireadh mhí Mhéan Fómhair 2010.

Líonraí Ceantar Uirbeach (MAN-anna)

Lean dul chun cinn ar Chéim II den chlár MAN-anna ar aghaidh i rith 2009. I gceist leis an gclár bhí tógáil 60 MAN-anna i 66 baile i láithreacha éagsúla ar fud na tíre.

Tar éis próisis fála poiblí, ceapadh e|net mar an tAonán Bainistithe Seirbhísí (MSE) do Chéim II MAN-anna an 8 Iúil 2009 go ceann tréimhse 15 bhliana.

Clár Scoileanna 100Mb/s

Seoladh treoir-thionscadal do sheachadadh 100Mb/s de lúdracht leathanbhanda chuig 78 iar-bhunscoil i Meitheamh 2009. Seachadóidh an tionscadal 100Mb/s de bhandaraon chuig an t-idirlíon tré mheán Líonra Scoile HEAnet agus suiteálfaidh/ forbróidh sé an Líonra Ceantair Logánta chun an bandaraon a úsáid, i ngach scoil.

Críochnaíodh próiseas fála don chomhnascthacht Rochtana, don chroílíonra agus do na líonraí comhchruinnithe. Bhronn an Roinn luach €2.5m de threalamh Teicneolaíochta Eolais agus Cumarsáide (ICT) ar scoileanna chomh maith chun an líonra nua a fhorlíonadh. Meastar go mbeidh lúdracht ag gach scoil roimh lár 2010.

CUMARSÁID

An Plean Eorpach um Théarnamh Eacnamaíochta (EERP)

Leanann eascú an chlúdaigh leathanbhanda ar fud na tíre ar fad de bheith mar phríomhthosaíocht.Tá cuid de mhaoiniú an Phlean Eorpaigh am Théarnamh Eacnamaíochta curtha ar leataobh ag an gCoimisiún Eorpach do thioscnaimh leathanbhanda faoin tuath. Tá an Roinn ag breithniú anois conas is féidir aghaidh a thabhairt ar áitribh tuaithe lasmuigh de cheantair NBS nach bhfuil freastal á dhéanamh orthu trí idirghabháil chuí a úsáideann maoiniú atá ar fáil faoin bPlean Eorpach am Théarnamh Eacnamaíochta (EERP). Fuarthas cead Cúnaimh Stáit do scéim den sórt sin ag deireadh 2009 agus leanfar ar aghaidh leis an obair ar dhearadh sonraithe agus ar chur i bhfeidhm na scéime in 2010.

Ríomhuilechuimsitheacht (rannpháirtíocht dhigiteach)

Chuir an Roinn an scéim TairFe 1 (BenefIT 1) i bhfeidhm go ráthúil i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe san earnáil phobail agus dheonach. Sheol an Roinn scéim deontais ríomhuilechumsitheachta nua i Meán Fómhair 2009 ar a dtugtar TairFe 2 (BenefIT 2). Lorgaíodh iarratais ó eagraíochtaí pobail, deonacha agus neamhbhrabúsacha.Tar éis próisis meastóireachta bronnadh deontais arb ionann iad agus €350,000 ar 3 eagraíocht agus gheobhaidh os cionn 7,400 duine oiliúint bhunúsach ICT ar fud na tíre in 2010 mar thoradh ar na deontais sin.

Sochaí an Eolais

I mí Iúil 2009 d'fhoilsigh an Roinn tuarascáil dar teideal *"Technology Actions to Support the Smart Economy"*, ba é seo an chéad tuarascáil sa phróiseas Straitéis Shochaí an Eolais. Aithníonn an tuarascáil sé ghníomhaíocht inar féidir le hÉirinn a bheith chun cinn agus tá sé mar aidhm acu próifíl na hÉireann a ardú mar Gheilleagair Stuama agus fás faoi.

Ag teacht leis an gcuspóir beartais chun bogadh i dtreo gheilleagar ísealcharbóin, leagann an tuarascáil béim ar leith ar shamhail ísealfhuinnimh do bhonneagar agus líonraí cumarsáide. Dírítear go mór ar tháirgí agus seirbhísí nuálacha a lorg maidir le cumarsáid agus fuinneamh.

CUMARSÁID POIST

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

A chinntiú go mbaineann custaiméirí na hÉireann, idir custaiméirí gnó agus custaiméirí cónaitheacha, leas as seirbhísí poist ar phraghas iomaíoch agus ar ardchaighdeán, seirbhísí atá ar chomhchaighdeán le príomhgheilleagair comparáideacha eile ar fud an AE.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Forbairt mhargadh poist iomaíoch a éascú, margadh a chuireann táirgí agus seirbhísí éagsúla ar ardchaighdeán ar fáil do chustaiméirí agus ar féidir le gach custaiméir rochtain a fháil orthu go héasca.

Léirscaoileadh an Mhargaidh Poist

I 2009 d'ullmhaigh an Roinn páipéar "na roghanna a moltar" a leagann amach an bunús d'fheidhmiú chreat rialacháin i margadh léirscaoilte. Pléadh an páipéar seo ag fóram a d'fhreastail príomhgheallsealbhóirí air. Cuirfear an páipéar roghanna agus toradh an fhóraim san áireamh sa Bhille Poist atá beartaithe do 2010. Leanadh ar aghaidh leis an athbhreithniú ar an reachtaíocht poist atá ann cheana féin le linn 2009 d'fonn a comhdhlúthú i mBille 2010.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Córas postchód a thabhairt isteach a bhoinfeadh an pobal mórúsáid as.

Cheadaigh an Rialtas do chóras postchód d'Éirinn a thabhairt isteach i 2009 agus cuirfear tús leis an bpróiseas chun comhlacht a roghnú chun bainistiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm córais den sórt sin i 2010.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

An Post i gcónaí mar chuideachta láidir inmharthana, atá in ann dul in iomaíocht i margadh léirscaoilte, seirbhís poist náisiúnta ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus seasamh le líonra náisiúnta oifigí poist atá dírithe ar chustaiméirí.

Cláir Cuíchóirithe ag An Post

Lean an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth le An Post i rith 2009 agus chun a freagracht mar gheallsealbhóir a chomhlínadh. I rith 2009, lean An Post ar aghaidh ag cur i bhfeidhm tionscnaimh comhaontaithe athraithe a bhíonn lárnach do straitéis na cuideachta i leith feidhmíochta tráchtála inbhuanaithe.

CUMARSÁID

Gnóthuithe

Cheadaigh an tAire do ghnóthú Air Business Limited (fochuideachta de chuid An Post) ar Jordan International Limited.Ceadaíodh gnóthú 53.6% de scarchapiteal Total Shopping Convenience Limited (The Gift Voucher Shop) do An Post.

Clár na Stampaí

Cheadaigh an Rialtas clár stampaí do 2009 lenar áiríodh éisiúintí stampaí chun ceiliúradh a dhéanamh ar dhrámadóirí as Éirinn, bliain na réalteolaíochta, an Bhliain Nua Síneach, Lá Fhéile Pádraig agus an Nollaig. Rinneadh ceiliúradh chomh maith i bhfoirm stampaí ar imeachtaí stairiúla lena n-áirítear Plandáil Uladh, comóradh céad bliain Cheardchumann Iompair agus Ilsaothair na hÉireann (ITGWU), breith na beirte Charles Darwin agus Francis Bacon agus bás John Millington Synge.

CRAOLACHÁN

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

- Iarracht a dhéanamh a chinntiú go leanann earnáil chraolacháin na hÉireann, go háirithe trí chraoltóireacht seirbhíse poiblí, ag cur ábhar agus sceidil fuaime agus closamhairc ar fáil a fhreastalaíonn ar a bhfuil ó lucht féachana na hÉireann.
- Iarracht a dhéanamh ar raon ábhar agus sceideal den sórt sin a choinneáil ar fáil ar bhonn uilíocht agus saor go haer.
- Timpeallacht a chruthú a spreagann fás, forbairt agus rath ar earnáil na meán closamhairc in Éirinn.

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur infhaighteacht chraolachán seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán chun cinn trí mhaoiniú a chur ar fáil do RTÉ agus TG4.Chomh maith leis sin rinne an Roinn reachtaíocht craolacháin na hÉireann le beagnach 50 bliain anuas a thabhairt cothrom le dáta agus a nuachóiriú le hachtú an Achta Craolacháin 2009. An 1 Deireadh Fómhair 2009 bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) atá freagrach as craoltóirí trách tála agus na seirbhíse poiblí a rialáil.Thug an Roinn athbhreithniú bliantúil cuimsitheach ar fheidhmíocht RTÉ sna blianta 2007 agus 2008 chun críche chomh maith agus chuir sí le cur chun cinn Theilifís Trastíre Dhigiteach (DTT) chomh maith. Tá na príomhtháirgí leagtha amach thíos.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Leanúint de bheith ag tacú le hearnáil craolacháin seirbhíse poiblí na hÉireann, lena chinntiú go gcuirtear raon cuimsitheach clár ar fáil don lucht féachana agus éisteachta ar fad, i mBéarla agus i nGaeilge, ar bhonn uilíoch agus saorchraolta.

RTÉ

I 2009, rinne an Roinn athbhreithniú ar fheidhmíocht RTÉ maidir le tuarascálacha féinmheasúnaithe RTÉ 2007 agus 2008 a cuireadh ar fáil don Roinn. D'aithin an córas athbhreithnithe nua seo níos mó táscaire feidhmíochta beachta agus struchtúrtha, agus iad ailínithe le seachadadh chraolachán seirbhíse poiblí ar ardchaighdeán, le hardtionchair agus iad dírithe sa bhreis ar luach ar airgead, bainistiú costas agus feidhmíocht níos cruinne.

CRAOLACHÁN

Bhí tionchar ach go háirithe ag dul i laghad in ioncam fógraíochta ar RTÉ i 2009 agus ghlac sé gníomh tapa maidir lena bhonn costais mar fhreagairt air sin.

Saincheisteanna um Tháille Cheadúnais Teilifíse

Bhain an Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) idir an Roinn agus An Post, mar ghníomhaire don Aire chun táillí Ceadúnais Teilifíse a bhailiú agus ceadúnais a éisiúint, leis an tréimhse 2008/9. Bhunaigh sé gealltanais maidir le seachadadh agus le haschur, cuspóirí agus torthaí maidir le próiséas bailithe na dtáillí Ceadúnais Teilfíse a chur in iúl.

Scéim Maoinithe Craolacháin

Is í aidhm na scéime seo ná tacaíocht a thabhairt do dhéantóirí clár neamhspleácha. D'ardaigh an tAcht Craolacháin 2009 an leibhéal ioncaim ó cheadúnais teilifíse a athstiúrtar chuig an gCiste ó 5% go 7%. Faoi dheireadh 2009, íocadh €56m chuig Coimisiún Craolacháin na hÉireann (agus a chomharba ó 1 Deireadh Fómhair 2009 anuas, Údarás Craolacháin na hÉireann) chun scéimeanna faoin Acht a mhaoiniú agus a riar. As sin, bronnadh thart ar €52m ar dhéantóirí clár in Éirinn ó tionscnaíodh an scéim.

TG4

D'oibrigh an Roinn le TG4 i 2009 chun seachadadh seirbhísí leanúnach a chur ar fáil agus chun riachtanais rialachas corparáideach a fheidhmiú gan tuisle.

Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)

Bunaíodh an BAI an 1 Deireadh Fómhair 2009. Faoi fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, ghlac an BAI leis na róil a bhí ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) agus ag an gCoimisiúin um Ghearáin Chraolacháin (BCC) cheana féin agus thug sé faoi raon nua feidhmeanna chomh maith. Go háirithe, tugadh raon nua feidhmeanna dó maidir le craoltóirí seirbhíse poiblí. Tá ceanglais tuairiscithe nua tábhachtacha aige freisin faoin Acht agus faoin gCód Cleachtais leasaithe do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Tá an Roinn ag obair leis an BAI lena chinntiú go gcloífear leis na ceanglais sin.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Iarracht a dhéanamh forbairt rialála cuí a chinntiú a oireann do cothabháil agus fás earnáil craolacháin na hÉireann agus a fhreastalaíonn ar a bhfuil ó lucht féachana agus éiteachta na hÉireann.

CRAOLACHÁN

An tAcht Craolacháin 2009

Áirítear na forálacha seo a leanas ar an Acht Craolacháin 2009:

- Comhdhlúthú in Acht aonair amháin den reachtaíocht príomhúil a bhí ann cheana féin a bhain le craolachán;
- Údarás Craolacháin na hÉireann a bhunú mar aonrialtóir ábhair do do chraoltóirí tráchtála agus pobail agus RTÉ araon;
- Bunús reachtúil a sholáthar d'fhorbairt Chainéal Thithe an Oireachtais agus Chainéal Scánnán na hÉireann;
- Sásra reachtúil d'athbhreithnithe ar mhaoiniú poiblí RTÉ agus TG4 a chur ar fáil; agus
- Seirbhís teilifíse digiteach saorchraolta a fhorbairt in Éirinn agus an líonra teilfíse analóige atá ag feidhmiú in Éirinn ó 1961 a dhúnadh.

Foráiltear san Acht Craolacháin 2009 d'oibleagáidí na hÉireann faoi Threoir an AE um Sheirbhísí na Meán Closamhairc 2007 a thrasuíl i bpáirt. Tá an Roinn ag tabhairt na n-oibleagáidí atá fós le comhlíonadh faoin Treoir sin maidir le seirbhísí atá ar éileamh chun críche trí reachtaíocht thánaisteach.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

A chinntiú go mbíonn glacadh ar ardchaighdeáin le fáil in Éirinn ar sheirbhísí craolacháin na hÉireann ar bhonn uilíoch agus saorchraolta agus go mbeidh seirbhísí á bhforbairt do phobail na hÉireann thar lear.

Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT)

De réir an Achta Craolacháin 2009, ceanglaítear ar RTÉ seirbhís teilifíse digiteach saorchraolta náisiúnta a chur ar fáil atá in ann RTÉ, TG4 agus TV3 a iompar. Tiocfaidh an líonra seo in áit an líonra teilifíse analóige atá beagnach as feidhm agus atá le múchadh in 2012. Foráiltear san tAcht go socraí an tAire dáta faoina gcaithfidh RTÉ seirbhísí DTT a chur ar fáil do 90% den tír. Tá sé de cheanglas ar RTÉ chomh maith seirbhís náisiúnta DTT a bheith i bhfeidhm roimh 31 Nollaig 2011 nó faoi dháta níos déanaí de réir mar a chinnfidh an tAire. Chomh maith leis sin, tá sé de dhualgas ar an BAI oibritheoirí tráchtála DTT a cheadúnú. Ceanglaítear san Acht ar ComReg chomh maith ceadúnais speictrim a eisiúint do RTÉ agus don BAI maidir leis na seirbhísí craolacháin digiteacha seo.

I rith 2009, lean RTÉ de bheith ag leathadh amach an líonra DTT náisiúnta a bhí beartaithe faoi cheadúnas raidió-theileagrafaíochta

CRAOLACHÁN

arna sholáthar ag ComReg. Go dtí seo, rinneadh 13 suíomh a chumasú ó thaobh DTT de agus tá líonra tástála i bhfeidhm. Níl aon seirbhísí DTT poiblí ar fáil.

Leanadh de phróiseas an BAI trí ilphléacs tráchtála DTT do sholáthar i rith 2009 ach níorbh fhéidir comhaontú a dhaingniú.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR
An creat oibre do chainéal nua teilifíse an Oireachtais a sholáthar, cainéal a chuirfidh freastal saorchraolta digiteach ar oibriú na Dála, an tSeanaid, an Chomhchoiste Oireachtais agus freastal breise ar chruinnithe Pharlaimint na hEorpa agus a leithéad ar fáil.

Foráiltear in Alt 125 den Acht Craolacháin 2009 gur féidir le Coimisiún Thithe an Oireachtais seirbhís teilifíse saorchraolta a mhaoiniú agus a bhunú maidir le himeachtaí Thithe an Oireachtais agus cúrsaí áirithe eile agus ar a dtabharfar Bealach Thithe an Oireachtais.

FUINNEAMH

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

- Slándáil agus leanúnachas an tsoláthair fuinnimh don gheilleagar agus do chustaiméirí a chinntiú
- Inbhuanaitheacht soláthar agus úsáid funnimh a chur chun cinn
- Iomaíochas na margaí funnimh a fheabhsú

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhormhór na spriocanna beartas sa réimse Fuinnimh i 2009. Bhí sé seo soiléir ach go háirithe i réimse slándála an tsoláthair agus chur chun cinn an fhuinnimh inbhuanaithe. Bhí laghduithe suntasacha ar phraghais leictreachais agus gáis do gach custaiméir mar thoradh ar laghduithe i bpraghsanna breosla iontaise i gcomhar le gníomhartha an Rialtais agus gríomhartha rialála.

Lean an Rialtas dhlúthchomhoibriú le gach Cuideachta Fuinnimh Stáit choimirce agus d'oibrigh siad leo ach go háirithe chun a gcuid clár infheistíochta a chur chun cinn, ag cur beartais Rialtais san áireamh.

Sprioc Beartais 1

Slándáil agus leanúnachas an tsoláthar fuinnimh don gheilleagar agus do chustaiméirí a chinntiú.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

A chinntiú go bhfreastalaíonn soláthar fuinnimh ar na héilimh go seasta.

Éileamh leictreachais 2009

D'ardaíodh corrlaigh acmhainne mar gheall ar an laghdú a tháinig ar éileamh leictreachais ó thús na bliana, rud a léirigh an cúlú eacnamaíochta.

Infhaighteacht Ghiniúna 2009

Tá infhaighteacht ghiniúna anois os cionn 80% i gcónaí.Is feabhas suntasach é seo ar bhlianta roimhe seo nuair a d'fhan na leibhéil ag thart ar 77% agus faoina bhun.

Idirnascaire Soir-Siar (EWIC)

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar sheachadadh an EWIC i rith 2009 agus ba é an deireadh a bhí leis ná gur cuireadh tús le hoibreacha iarbhíre ar thaobh na Ríochta Aontaithe den fhorbairt. Cheadaigh Cinneadh Rialtais críochnúil i Márta 2009 forbairt an EWIC. Deonadh cead pleanála don EWIC i Meán Fómhair 2009 faoin Acht um Bhonneagar

FUINNEAMH

Straitéiseach. D'fhógair an Banc Eorpach Infheistíochta go bhfuil sé ag tacú leis an tionscadal trí iasacht €300 milliún a chur ar fáil. Tá EWIC ar liosta freisin mar cheann de na tionscadail idirnascaire iomráiteacha agus tábhacht straitéiseach leo a áirítear le Clár na hEorpa um Théarnamh Eacnamaíoch maidir le Fuinneamh agus dámhadh deontas €110 milliún air.

Forbairt Eangaí Tharchurtha

Lean an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm chlár forbartha tarchuir suntasach mar chuid de Straitéis Forbartha "GRID25" de chuid EirGrid ar aghaidh i rith 2009. I nDeireadh Fómhair, dheonaigh An Bord Pleanála cead pleanála do líne 110kV i dTír Chonaill.Tá an tionscadal seo á fhorbairt i gcomhar le Gnólacht Líonraí ESB agus is fiú infheistíocht de €40 milliún sa réims é.

2ú Idirnascaire ó Thuaidh-ó Dheas

Leanadh den obair ar idirnascaire leictreachais An Mhí-Tír Eoghain ar aghaidh i 2009. Cuireadh an t-iarratas pleanála faoi bhráid An Bhoird Phleanála i Nollaig 2009.

Pleanáil Fuinnimh os coinne Éigeándála

Leanadh d'obair an Tasc Fhórsa ar Nósanna Imeachta os coinne Éigeandála ar aghaidh i 2009. Bhí béim ar leith ar phleanáil um leanúnachas gnó i bhfianaise ráig phaindéimeach fliú na muc.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Slándáil agus iontaofacht a chinntiú do sholáthar an gháis.

Ráiteas Toilleadh Gáis

Foilsíodh Ráiteas Toilleadh Gáis bhliantúil an CER in Iúil 2009. Déantar san Ráiteas measúnú ar raon cásanna féideartha maidir le leibhéil difriúla den soláthar agus den éileamh. Ba é Ráiteas 2009 an chéad ráiteas a ullmhaíodh ar bhonn uile-oileánda.

An Gréasán Gáis a Shíneadh

I 2009, chríochnaigh Bord Gáis Éireann (BGÉ) mórthionscadal tógála a bhain le hatreisiú líonra tarchurtha Chorcaí lena n-áirítear an phíblíne tarchurtha 45km idir An Currach Liath Thiar, Contae Thiobraid Árann agus Mainistir na Corann, Contae Chorcaí.

Tá an líonra dáilte á leathnú trí aon bhaile déag a nascadh feadh Phíblíne Ghaillimh-Mhaigh Eo. Roimh dheireadh 2009, nascadh bailte Bhéal an Átha, Chaisleán an Bharraigh, Chlár Chlainne Mhuiris, Chrois Mhaoilíona agus Chathair na Mart i gContae Mhaigh Eo leis an líonra gáis nádúrtha. I 2009, chríochnaigh BGÉ a chuid oibreacha chun líonra poileitiléine líonra a chur in áit an líonra d'iarann teilgthe.

I rith 2009, leanadh ar aghaidh leis an obair ar thógáil an fhearais chumhachta Tuirbín Gáis Chomhthimthrialla (CCGT)

FUINNEAMH

445MW ag an nGeata Bán. Meastar go ndéanfar an fearas a choimisiúnú i lár 2010.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Feabhsú ar éagsúlacht na bhfoinsí funnimh do ghiniúint cumhachta.

Sprioc um Fhuinneamh Inathnuaite

Leanadh ar aghaidh leis an obair i 2009 chun céatadán an leictreachais ar an gcóras a fhaightear ó fhuinnimh inathnuaite (a fhaightear ón ngaoth go príomha) a ardú go leanúnach. D'ardaigh céatadán an leictreachais as cumhacht na gaoithe ar chóras na hÉireann go 14% i 2009. Is í an sprioc ná 40% faoi 2020.

Bithfhuinneamh

I rith 2009, lean an Roinn, i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí ábhartha, ar aghaidh ag obair le himreoirí lárnacha chun tacú le poitéinseal bithfhuinnimh na hÉireann a fhorbairt. Forbraíodh earnáil soláthair bithmhaise atá ag láidriú i gcónaí agus tionscail miondíola, suiteála agus cothabhála gaolmhar mar thoradh ar Bhearta Forbartha Margaidh ar nós an Scéim Tithe Níos Glaise, Reheat (an Clár Imlonnaithe Teasa Inathnuaite) agus Clár Imlonnaithe Comhghiniúna Teasa agus Cumhachta (CHP).

Feithiclí Leictreacha (EVanna)

In 2009, síníodh Meabhrán Tuisceana le comhlacht Renault-Nissan lena chinntiú go mbeadh rochtain ag déantóirí beartas agus tionscail na hÉireann ar an eolas is déanaí ar fhorbairt na teicneolaíochta EV agus go mbeadh rochtain ag custaiméirí ar na feithiclí sin chomh luath agus a bhíonn siad ar fáil ar bhonn tráchtála. Thosaigh Líonraí EBS ag suiteáil na chéad 20 pointe cumhachta sráide.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

An méid a bhraithimid ar ola a laghdú agus leanúint orainn pleananna teagmhasacha a dhéanamh os coinne bristí i soláthar an fhuinnimh.

Stoic Ola Straitéiseach

I rith 2009, lean meánleibhéal na stoc ola náisiúnta, lena n-áirítear na stoic ag an nGníomhaireacht um Stoc Náisiúnta Ola (NORA) atá tiomanta don éigeandáil, de bheith go compórdach os cionn ceangaltas 90 lá an AE agus na Gníomhaireachta Fuinnimh Idirnáisiúnta, agus uaidh sin ag cinntiú go raibh stoic ar fáil sa chás go dtarlódh briseadh sa soláthar ola náisiúnta nó idirnáisiúnta.

I 2009, fuair an NORA áit stórála ag Droichead Átha, Contae Lú, agus chuir sí tús le hobair ar fhorbairt saoráidí stórála ag An Rinn, i mBaile Átha Cliath, ag Tairbeart, Contae Chiarraí agus ag Cill

FUINNEAMH

Ruaidh i gContae an Dúin.

I 2009, rinne NORA coimisiúnú ar mhórthuarascáil chun comhairle a thabhairt maidir leis na féidearthachtaí stórála ola a d'fhéadfadh a bheith ann d'Éirinn amach anseo.

Sprioc Beartais 2

Inbhuanaitheacht an tSoláthair agus na hÚsáide Funnimh a Chur Chun Cinn.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Astuithe gáis Cheaptha Teasa a bhaineann le fuinneamh a laghdú.

Beidh laghdú de thart ar 5.7 Mt.CO2 i 2020 mar thoradh ar na cláir agus na bearta éifeachtúlachta fuinnimh a aithníodh i bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta an Rialtais um Éifeachtúlacht Fuinnimh a foilsíodh i 2009.

Fuinneamh i nGnólachtaí

I 2009, sheol Údarás Fuinnimh In-mharthana na hÉireann (SEAI) clár €6 milliún a chuir cúnamh deontais ar fáil do na hearnálacha gnó agus poiblí. Lig an clár do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh tábhachtacha a ghearrfaidh costais a shuiteáil ar chostas laghdaithe suntasach do ghnólachtaí ar fud na tíre.

Sprioc Laghdaithe Éilimh Fuinnimh

Tugadh faoi chomharliúchán phoiblí ar Chlár nua - an Sprioc um Éilimh Fuinnimh a Laghdú (EDRT) i 2009. D'fhéadfadh an clár EDRT costais fuinnimh agus astuithe cheaptha teasa a laghdú go suntasach agus ag an am céanna fostaíocht a chruthú agus margadh do sheirbhísí funnimh in Éirinn a fhorbairt.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Dlús a chur faoi fhás na dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite.

Fuinneamh Inathnuaite - Leictreachas

Leanadh ar an obair i 2009 chun céatadán an leictreachais ar an gcóras a fhaightear ó fhuinnimh inathnuaite (a fhaightear ón ngaoth go príomha) a ardú go leanúnach. Is é an sprioc ná 40% faoi 2020. D'ardaigh céatadán an leictreachais ó fhoinsí inathnuaite ar chóras na hÉireann go dtí 14% i 2009.

D'ardaigh an cumas giniúna cuiditheach den leictreachas a fhaightear ó fhuinneamh inathnuaite ó 1,400 MW go dtí os cionn 1,570 MW i rith 2009. Áirítear air sin giniúint as cumhacht na gaoithe de 1,260 MW.

I rith 2009, cuireadh na téarmaí agus coinníollacha a bhí beartaithe (faoi réir chead an AE um Chúnamh Stáit) do na

FUINNEAMH

catagóirí breise Bithmhaise, Díleá Anaeróbach, CHP ar Ard-Éifeachtacht, Fuinneamh na Farraige (tonnta agus taoide) agus Gaoth Eischósta le clár tacaíochta Tharaif Infhothaithe Fuinnimh Inathnuaite (REFIT).

Cuireadh obair ar ullmhú an Phlean Gníomhaíochta Fuinnimh Inathnuaite Náisiúnta chun cinn i 2009.

Liúntais Chaipitiúla Luathaithe (ACA)

Tá an Scéim ACA (féach thíos), a chuireann faoiseamh cánach ar fáil d'infheistíocht i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh, ag cuidiú chomh maith chun dlús a chur faoi fhás na dteicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite. I 2009, cuireadh roinnt teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite, lena n-áirítear tuirbíní gaoithe, leis an liosta, rud a dhéanann rogha níos tarraingtí agus níos sláine ó thaobh na heacnamaíochta de do ghnólachtaí iad d'fháil.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

An leas is mó a bhaint as éifeachtúlacht agus caomhnú fuinnimh.

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá an Rialtas tiomanta spáráil fuinnimh 20% a bhaint amach ar fud an gheilleagair roimh 2020. Mar chuid den tiomáint éifeachtúlachta fuinnimh seo, tá an Rialtas tiomanta chomh maith spáráil fuinnimh 33% a bhaint amach ar fud institiúidí na hearnála poiblí roimh 2020. I mBealtaine 2009, d'fhoilsigh an tAire an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Leagtar amach san bPlean Gníomhaíochta 90 gníomh a bhfuil an Rialtas ag tabhairt fúthu cheana féin nó a thabharfaidh siad futhú sa tréimhse go 2020 amach chun na spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach agus ár n-astuithe cheaptha teasa a laghdú de thart ar 5.7 milliún tonna ag an am céanna. Léiríonn an spáráil a aithníodh sa Phlean Gníomhaíochta thart ar €1.6 billiún de chostais fuinnimh a seachnaíodh don gheilleagar i 2020.

Scéim Spárála Fuinnimh sa Bhaile (HES)

Seoladh an HES ar fud na tíre in 2009, tar éis treoir-thionscadail rathúil in 2008. Cuireann an Scéim, arna riaradh ag SEAI, cúnamh deontais ar fáil d'úinéirí tí do bhearta aissuiteála um éifeachtúlacht fuinnimh lena n-áirítear insliú áiléir agus ballaí, coirí ard-éifeachtacha, fearas rialála teasa agus measúnuithe um Rátáil Fuinnimh Foirgneamh (BER). Ag deireadh 2009, bhí 40,000 iarratas faofa sa chóras, ag léiriú, ar an iomlán, glacadh d'os cionn 80,000 beart.

Scéim Tithe Níos Teo (WHS)

Seoladh an Scéim Tithe Níos Teo i 2009 agus é mar aidhm aici aghaidh a

FUINNEAMH

thabhairt ar neamhéifeachtúlacht theirmeach coibhneasta i dtithíocht na hearnála príobháidí ar ioncam íseal agus tháinig ardú suntasach ar mhaoiniú agus ar ghníomhaíocht i rith na bliana. Leithroinneadh thart ar €15 mhilliún de mhaoiniú státchiste ar an scéim i 2009, agus chuir an ESB agus BGÉ €5 milliún breise ar fáil.

Bhain os coinn 19,000 teach leas as an scéim i 2009, beagnach dúbláil ar an líon iomlán tithe sna deich mbliana roimhe sin. Cé gur eagraíochtaí pobalbhunaithe is mó a dheineann an scéim a sheacadadh, measann SEAI gur thug an WHS tacaíocht dhíreach d'os cionn 7,000 post i 2009.

Liúntais Chaipitiúla Luathaithe (ACA)

Faoi Alt 46 den Acht Airgeadais 2008 féadfaidh cuideachtaí 100% de chostas caipitil trealaimh agus gléasra áirithe atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a éileamh in aghaidh cánach corparáide i mbliain a gceannaithe. Tá an fhoráil leagtha amach chun gnólachtaí a spreagadh chun trealamh agus gléasra atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a cheannach agus dá bhrí sin go leor ar chostais fuinnimh a shábháil agus astuithe carbóin a laghdú. Cuireadh catagóirí breise lena n-áirítear bonneagar IT agus feithiclí leictreacha san áireamh in 2009 agus meastar go gclúdaíonn an scéim ACA trealamh ar 80% ar a laghad é den fhuinneamh a úsáideann earnáil an tionscail in Éirinn.

Méadair Chliste

Leanadh ar an obair i 2009, faoi threoir an Ghrúpa Stiúrtha um Mhéadair Chliste, ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm na dtrialacha um iompar an chustaiméara agus um theicneolaíocht don leictreachas agus don gás araon. Táthar fós ar rian leis an sprioc treoirchéim an tionscadail a chríochnú faoi lár 2011.

Inacmhainneacht Fuinnimh

Déanann an Grúpa Idir-Ghníomhaireachtaí agus Idir-Rannach um Inacmhainneacht Fuinnimh comhtháiteacht na ngníomhaíochtaí éagsúla atá ar siúil agus atá beartaithe ag na Ranna, na gníomhaireachtaí agus na fóntais a mhaoirsiú agus a chinntiú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éifeachtúlachta fuinnimh agus inacmhainneachta fuinnimh do thomhaltóirí leochaileacha. I 2009, cuireadh tús le hobair ar an Straitéis Inacmhainneachta Fuinnimh.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

Dlús a chur faoi Thaighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuálaíocht Fuinnimh (RTDI).

FUINNEAMH

Fondúireacht Eolaíochta Éireann - An Tríú Colún

Aistríodh conarthaí Dhuaiseanna Charles Parsons chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i rith 2009, mar thabhairt chun críche socruithe riartha Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an scéim ó Shamhradh 2008.

Fuinneamh na Farraige

Cuireadh tús le lánfheidhmiú an chláir Fuinneamh na Farraige i 2009, i ndiaidh é a sheoladh in 2008. I rith 2009, cheadaigh SEAI, faoi Chiste Forbartha Fréamhshamhail Fhuinneamh na Farraige, tacaíocht mhaoinithe de os cionn €4 milliún do dhá thionscadal déag. Dearadh an tacaíocht mhaoinithe chun forbairt agus imscaradh tráchtála a spreagadh ar fheistí fuinnimh farraige a bheidh in ann leictreachas inathnuaite a ghineadh.

Cuspóir Beartais 3

Iomaíochas na Margaí Fuinnimh a fheabhsú

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Margaí réigiúnacha a chur chun cinn don leictreachas agus don ghás i gcomhthéacs fhorbairtí Mhargadh Inmheánaigh an AE.

BhGÉ sa mhargadh leictreachais baile

I mí Feabhra 2009, chuaigh BGÉ isteach sa mhargadh Leictreachais Baile agus bhí sé ar an gcéad soláthróir débhreosla sa tír. Tá os cionn 300,000 custaiméir baile cláraithe le BGÉ, agus tá laghduithe costais agus iomaíocht iarbhír sa mhargadh mar thoradh air sin.

An Leictreachas

In Eanáir 2009, tugadh an díbhúrláil dlí ar an Oibritheoir Córais Dáilte (DSO), mar fhochuideachta de ESB agus í go hiomlán neamhspleách agus ar leithligh ó thaobh an dlí de, chun críche.

Fáil SONI ag EirGrid

I mí Mhárta 2009, thug EirGrid ceannach SONI ó Leictreachas Thuaisceart Éireann plc. chun críche. I 2009, leathnaigh an tAire Bord EirGrid, agus cheap sé beirt Stiúrthóir ó Thuaisceart Éireann ar an mBord.

Margadh Fuinnimh - Pacáiste Reachtaíochta

Tháinig Tríú Pacáiste Reachtaíochta an Mhargaidh Fuinnimh, a bhfuil sé mar aidhm aige margaí leictreachais agus gáis an AE a léirscaoileadh tuilleadh, i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2009. Chuir an Roinn tús le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht d'fhonn forálacha a chruthú chun an Pacáiste a chomhlíonadh.

FUINNEAMH

Sábháilteacht Gháis a Rialáil

I mí an Mheithimh 2009, shínigh an tAire Ionstraim Reachtúil Uimh. 238 a cheadaigh do CER freagracht iomlán a ghlacadh do rialáil ghníomhaíochtaí ghnóthas ghás nádúrtha agus suiteálaithe gáis nádúrtha i leith sábháilteachta.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Iomaíocht, rogha do thomhaltóirí agus creat infheistíochta cobhsaí a sheachadadh sa mhargadh fuinnimh.

Sócmhainní Tarchuir

I mí an Mheithimh 2009, cheap an tAire cathaoirleach neamhspleách chun maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas anailíse na sócmhainní tarchuir leictreachais. Tionóladh an chéad chruinniú le geallsealbhóirí i mí Iúil 2009 agus eisíodh iarratas ar thairiscintí do chomhairligh ar an líonionad eTenders (an córas don earnáil phoiblí chun iarratais um thairiscintí a lorg) agus in Iris Oifigiúil an AE (OJEU) i mí na Nollag 2009.

Iomaíocht agus Costas i margaí an Fhuinnimh

Bhí fócas láidir ar chostais fuinnimh in 2009 agus rinneadh gníomhartha suntasacha chun an tionchair, go háirithe ar mhórúsáideoirí fuinnimh, a mhaolú.

I mí Bealtaine 2009, i ndiaidh athbhreithnithe ar chostas a d'iarr an tAire, chomhaontaigh an CER laghduithe 10% ar chostais an leictreachais do gach custaiméir agus meánlaghdú 12% ar taraifí gáis do chustaiméirí baile agus do Gnóthais Bheaga agus Meán-Ghnóthais (SME) Ina theannta sin, bhí meánlaghduithe breise de 9.8% le feiscint ina mbillí gáis agus 5% ina mbillí leictreachais ag gnóthaí beaga nó meánmhéide ó mhí Dheireadh Fómhair 2009.

I 2009, bhí níos mó iomaíochta sa mhargadh leictreachais nuair a tháinig dhá sholáthróir nua, *Bord Gáis Energy agus Airtricity* isteach sa mhargadh baile agus iad ag tairiscint lascainí do chustaiméirí a d'aistrigh chucu. I rith na bliana, tháinig *Phoenix* agus Fuinneamh Neamhspleách BSL isteach sa mhargadh gáis, rud a mhéadaigh líon na soláthróirí.

Áiríodh ar na tionscnaimh eile i 2009 chun tacú le iomaíochas maolú na srianta thart ar fhorbairt féinghiniúna do ghnólachtaí, tacaíocht bhreise do CHP trí fhoráil a dhéanamh do sheoladh tosaíochta d'fhearas CHP ard-éifeachtachta, agus soláthar aisíocaíochtaí suntasacha do mhórúsáideoirí fuinnimh.

FUINNEAMH

An tAon-Mhargadh Leictreachais (SEM)

Thug an tAon-Mhargadh Leictreachais an dara bliain iomlán oibríochta chun críche i 2009 faoi choimirce an Choiste SEM.

Socruithe Coitinn don Ghás

I rith 2009, lean an dá Rialtóir Fuinnimh (CER agus NIAUR) ag obair leis an Roinn agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, Tuaisceart Éireann, ar fhorbairt an tionscadail um Shocruithe Coitinn don Ghás (CAG).

Gnó Soilsithe Poiblí

I 2009, d'éascaigh an Roinn roinnt cruinnithe de chuid an Fhóram Ardleibhéil ar Shoilsiú Poiblí chun imeacht réidh BSL ón ngnó soilsithe poiblí a chinntiú.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Todhchaí inbhuanaithe do Chomhlachtaí Fuinnimh Leathstáit a chinntiú.

Bord Soláthair an Leictreachais (BSL)

Tacaíodh le BSL le cur i bhfeidhm an Chreata Straitéisigh go dtí 2020, a fógraíodh go luath i 2008 agus a leagann amach infheistíocht chaipitil bheartaithe na Cuideachta Stáit de €22 billiún ag baile agus thar lear feadh an tréimhse. Tugann an Plean tosaíocht don chlár oibre inbhuanaitheachta go háirithe sna réimsí laghduithe astuithe, ábhair inathnuaite, éifeachtacht fuinnimh agus líonraí dáilte cliste.

Bord Gáis Éireann

Samhlaítear faoi Phlean BGÉ don tréimhse 2009-2013 clár infheistíochta €2.5 billiún in infrastruchtúr don ghás agus i nginiúint an leictreachais. I mí Feabhra 2009, chuaigh BGÉ isteach sa mhargadh Leictreachais Baile agus bhí sé ar an gcéad soláthróir débhreosla sa tír.

Bord na Móna cpt

Dearbhaíonn Plean Corparáideach Bhord na Móna 2008-2013 na treoracha straitéiseacha a comhaontaíodh leis an Aire ag teacht le Creat Polasaí Fuinnimh an Rialtais. Mar chuid den straitéis éagsúlaithe leanúnach tá sé páirteach i bhforbairt thionscadail fuinnimh inbhuanaithe lena n-áirítear dramhaíl-go-fuinneamh, fuinneamh ón ghaoth, an treoirthionscadal chomh-adhainte ag an bhfearas cumhachta in Éadan Doire agus taighde agus forbairt ghaolmhara.

EirGrid

Leanann EirGrid air ag infheistiú i bhforbairt chóras tarchuir na hÉireann, lena n-áirítear forbairt ar idirnascadh ríthábhachtach idir Éirinn agus an Bhreatain Bheag agus idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

FORBAIRT NA TAISCÉALAÍOCHTA AGUS TÁIRGEADH PEITRILIAM
Na sochair d'Éirinn a uasmhéadú ón taiscéalaíoch i gcomhair acmhainní dúchasacha an ola agus an gháis, agus óna dtáirgeadh; agus a chinntiú go stiúrtar gníomhaíochtaí go sábháilte agus aird cuí á tabhairt dá dtionchar ar an gcomhshaol agus ar úsáideoirí eile talaimh/mara.

TAISCÉALAÍOCHT AGUS MIANADÓIREACHT MIANRAÍ
Rannchur na hearnála mianadóireachta don gheilleagar a uasmhéadú agus aird cuí á tabhairt dá dtionchar sóisialta agus comhshaoil agus feabhsúchán seansuíomhanna mianaigh a éascú, i gcásanna ina bhfuil ról aitheanta admhaithe ag an Aire.

FORBAIRT NA TAISCÉALAÍOCHTA AGUS TÁIRGEADH PEITRILIAM

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Leibhéal gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus táirgthe an ola agus an gháis in Éirinn a uasmhéadú féachaint chun an leas is fearr a bhaint as mar thoradh don Stáit.

Ceadúnú

Rinneadh an dreas ceadúnaithe is déanaí don réimse amuigh ó Chósta Atlantaigh na hÉireann feadh Imchuach Rocal agus dáta deireadh dó ar an 22 Aibreán 2009. B'ionann an t-achar iomlán a bhí ar fáil do cheadúnú faoin mBabhta agus 117,100 cileaméadar cearnach. Fuarthas dhá iarratas ar Cheadúnais Thaiscéalaíochta Teorann do dhá áit a bhí nach mór comhionann lena chéile. I ndiaidh meastóireacht a dhéanamh ar an dá iarratas bronnadh Ceadúnas Taiscéalaíochta Teorann ar Serica Energy Ltd, cuideachta atá cláraithe san Ríocht Aontaithe agus a bhfuil leas aici i gCeadúnas Taiscéalaíochta Teorann atá ann cheana.

Bronnadh Rogha Ceadúnaithe ar chuideachta *Lansdowne Celtic Sea Limited* do limistéar sa Mhuir Cheilteach.

Taiscéalaíocht

Druileáladh tobar amháin amach ó chósta na hÉireann i rith 2009. Dhruileáil cuideachta *Serica Energy (UK) Ltd* tobar taiscéalaíochta ar dhóigh 'Bandon' in Imchuach Cheann Léime. Tháinig an tobar ar ola rud a chruthaigh go raibh imeachtaí taiscéalaíochta nua san áit, ach tá an suntas tráchtála le

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

cinneadh go fóill. Rinneadh dul chun cinn chomh maith ó thaobh ghnóthas sonraí seismeach le suirbhéanna 3D (tríthoiseach) in Imchuach an Torcáin agus sa Mhuir Cheilteach agus fuarthas os cionn 1350 km de shonraí 2D in Imchuach Rocal thoir.

Oibríochtaí Forbartha Cheantar Chionn tSáile

Cuireadh i gcrích díolachán leas Marathon i nGáscheantar Cheann Chionn tSáile agus na Seacht gCeann do *Star Energy* in Aibreán 2009. Fochuideachta de chuid *Petronas*, cuideachta ola na Malaeisia, is ea *Star Energy*.

I Samhain 2009, chuir *EIRGAS Limited*, fochuideachta ar le *Providence Resources* Plc ina iomlán í, in iúl don Roinn gur fheidhmigh sí an chéadrogha a bhí aici seilbh a ghlacadh ar leas 40% de comhlacht PSE Ireland Limited *(Star Energy)*. Tá an éadáil á chur i gcrích.

Oibríochtaí Táirgeachta Cheantar Chionn tSáile

Ba í 14.6 billiún troigh ciúbach (bcf) an toirt iomlán gáis a díoladh ó gháscheantar Cheann Chionn tSáile (Ceann Chionn tSáile, Baile Choitín, Iardheisceart Chionn tSáile agus na Seacht gCeann). Ba é 7.82 bcf an toirt iomlán gáis a cuireadh isteach i stóras in Iardheisceart Chionn tSáile don tréimhse chéanna. Ba ghás de chuid *PSE Kinsale Energy* ó gháscheantair Chionn tSáile 3.56 bcf den toirt sin.

Feachtas Cur Chun Cinn

Le linn 2009 lean an Roinn ar aghaidh le dianfheachtas saindírithe cur chun cinn a sheachadadh a bhí dírithe ar thionscal idirnáisiúnta an ola agus an gháis maidir le deiseanna taiscéalaíochta agus forbartha amuigh ó chósta na hÉireann. Is éard a bhí mar aidhm leis an bhfeachtas ná Babhta Ceadúnúcháin Rocal a chur chun cinn agus tacú leis go teicniúil. Chomh maith leis sin, rinneadh iarracht leis iontrálaithe nua a mhealladh go hÉirinn le hiarratais oscailte agus le húdaruithe do cheadúnais reatha.

Le linn 2009 tugadh urraíocht do roinnt mórthionscadal feidhmeach taighde ar pheitriliam chun taiscéalaíocht a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar an leibhéal eolais faoin earnáil. Mar chuid díobh seo rinneadh suirbhéireacht mara ar an tsuíomh chun ullmhúcháin a dhéanamh do chlár druileála éadomhain i 2010/2011.

Tionscadal Gáis na Coiribe

I Feabhra 2009, chuir *Shell Exploration & Production Ireland Ltd. (SEPIL)* iarratas faoi bhráid an Aire chun cead a fháil píblíne a thógáil faoi Alt 40 den Acht Gáis 1976 mar a leasaíodh.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Cuireadh iarratas cosúil leis faoi bhráid An Bhoird Phleanála freisin de bhun fhorálacha an Achta um Phleanáil agus Fhorbairt 2006 (Bonneagar Straitéiseach). Scríobh an Bord chuig an forbróir an 2 Samhain ag leagan amach measúnú an Bhoird ar an iarratas, maidir le sábháilteacht go príomha. Tugadh cuireadh don fhorbróir bealach beartaithe an phíblíne a leasú. Bhí an forbróir ag déanamh macnamh ar chumarsáid an Bhoird ag deireadh 2009. Má shocraíonn SEPIL bealach an phíbline a leasú mar a mholann an Bord, d'éileofaí an t-iarratas a cuireadh faoi bhráid an Aire a tharraingt siar agus iarratas nua a chur isteach le Ráiteas Tionchair Timpeallachta i leith bhealach athbhreithnithe an phíblíne.

Feadh 2009 leanadh leis na gnéithe eile de thionscadal gáis na Coiribe. Mar chuid den obair sin tógadh an chuid 83km ar fhad de phíblíne gáis na Coiribe atá amuigh ón gcósta, rinneadh obair fodhromchla ag an ngáscheantar amuigh ón gcósta agus rinneadh an-dul chun cinn maidir le críoch a chur le togáil an chríochfoirt ghais ag Béal an Átha Buí. Tá Shell ag súil go gcuirfear críoch leis an teirminéal i 2010.

Fóram Iarthuaisceart Mhaigh Eo

Bhunaigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Fóram Iarthuaisceart Mhaigh Eo i 2008 chun deis dearfach a chur ar fáil chun forbairt shocheacnamaíoch i gCeantar Iarthuaisceart Mhaigh Eo a chur chun cinn agus chun deis a thabhairt do chomhpháirtithe a bhfuil leas acu i dTionscadal Gáis na Coiribe dul i gcaidreamh lena chéile.

Bhuail an Fóram le chéile ceithre uaire le linn 2009. D'fhreastal an dá Aire ar na cruinnithe agus bhí an tUas. Seosamh Ó Brosnacháin mar chathaoirleach ag na cruinnithe sin. D'fhreastal grúpaí áitiúla, Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Poiblí eile, mar aon le Shell agus ionadaithe dá lucht saothair áitiúil ar an gcruinniú freisin. Dhiúltaigh grúpaí áirithe atá ag cur i gcoinne chumraíocht reatha Thionscadal Gáis na Coiribe freastal ar na cruinnithe.

I measc na nithe a pléadh ag an gcruinniú bhí toiliú agus údaruithe an Aire maidir le Tionscadal Gáis na Coiribe, deiseanna fuinnimh in-athnuaite i gceantar Mhaigh Eo, ról an Údárais Slándála Príobháidí agus ról Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo tuarascáil i láthair don Fhóram maidir le tosaíochtaí d'infheistíocht i gceantar Iorrais a

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

ndearnadh sainaithint orthu mar thoradh ar an mbeart comhairliúcháin. Tugadh tosaíocht do thionscadail feabhsaithe pobail arna maoiniú ag eagraíochtaí Stáit chun iad a thabhairt i gcrích.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

A chinnitiú de go bhfuil an creat rialála atá i bhfeidhm láidir, soiléir, go gcuireann sé deimhneacht chun cinn agus go gcloíonn sé le dea-chleachtas idirnáisiúnta. A chinntiú de freisin go dtabharfar spreagadh ann tabhairt faoi ghníomhaíochtaí taiscéalaíochta, forbartha agus táirgeachta go héifeachtach agus go tráthúil.

An Bille um Shábháilteacht Peitriliam

Rinneadh dul chun cinn sunstasach i 2009 chun moltaí reachtaíochta a ullmhú chun freagracht reachtúil ar shábháilteacht maidir le taiscéalaíocht agus astarraingt peitriliam a bhronnadh ar CER. Cuirfidh sé seo ceann de na torthaí is tábhachtaí i bhfeidhm a bhí sna staidéir sábháilteachta a rinneadh ar an gcuid de phiblíne na Coiribe ar an tír mhór. Foilseofar an Bille go luath i 2010.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

An limistéar Scairbhe Ilchríochaí faoi dhlínse na hÉireann a uasmhéadú.

Chuir Éire a tríú aighneacht faoi bhráid Choimisiún de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na Teorainneacha ar an Scairbh Ilchríochach (CTSI) i limistéar *Hatton-Rockall* an 31 Márta 2009. A haighneacht dheireanach a bhí ann. In Aibreán 2009 fuair sí moltaí fabhracha ón CTSI maidir le teorainneacha seachtracha limistéar na Scairbhe Ceiltí/Bhá na Bioscáine. Beidh teorannú á dhéanamh ar an limistéar seo idir an ceithre Stát atá ag cur isteach air (An Fhrainc, Éire, An Spáinn agus an Ríocht Aontaithe). Ainmníodh limistéar breise Scairbhe Ilchríochaí i Má Aibhéiseach an Torcáin faoin Acht um an Scairbh Ilchríochach i Márta 2009 i ndiaidh moltaí ón CTSI maidir leis an limistéar sin i 2007.

TAISCÉALAÍOCHT AGUS MIANADÓIREACHT MIANRAÍ

Feidhmiú Earnála/Treochtaí Táscairí

Ba é €314 milliún oll-luach na táirgeachta mhiotail (Luaidhe & Sinc) in Éirinn i 2009. Seo i gcomparáid le €340 milliún i 2008, €676 i 2007 agus €731 milliún i 2006. Cé go raibh laghdú ann sa bhliain 2009 ar luachanna 2006 agus 2007, rud a bhaineann go príomha leis an titim i bpraghasanna miotail seachas an laghdú a tháinig ar tháirgeadh, tiocfaidh laghdú ar tháirgeadh since in Éirinn nuair a

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

dhúnfar mianach Ghabhalmhaí.

Sa bhliain 2009, bhí tuairim is 1,300 duine fostaithe go díreach i dtaiscéalaíocht agus forbairt mianraí de réir bhrí na n-Achtanna um Fhorbairt Mianraí 1940 go 1999.

Gníomhaíocht Taiscéalaíochta

	2007	2008	2009*
Taiscéalaíocht in Éirinn	€14.47m	€20.20m	Ag Feitheamh Leis
Cion de chaiteachas domhanda	0.14%	0.15%	Ag Feitheamh Leis
Líon na gceadúnas sirtheoireachta reatha i seilbh ag deireadh bliana	419	472	486

** Níl na figiúir ar fad le haghaidh 2009 ar fáil fós.*

Gníomhaíocht Mianadóireachta (Na Mílte Tona Miotal i nDlúthán)

	2007	2008	@ 30 Meitheamh 2009*
Sinc			
a) Aschur in Éirinn	392	398	203
b) Cion d'aschur domhanda	3.5%	4%	4%
c) Cion d'aschur na hEorpa	38%	38%	39%
Luaidhe			
a) Aschur in Éirinn	54	50	27.5
b) Cion d'aschur domhanda	1.5%	1.2%	1.5%
c) Cion d'aschur na hEorpa	19.7%	16%	17%

(Foinse: An Grúpa Idirnáisiúnta um Staidéar ar Luaidhe agus Sinc)
** Níl na figiúir le haghaidh 2009 ar fad ar fáil fós.*

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

TÁBLA: FÁLTAIS [1]

Mír	2007 (€)	2008 (€)	2009 (€)
Fáltais Mianadóireachta (Cíosanna Marbha agus Ríchíosanna)	7,145,805	6,169,742	3,690,229
Fáltais Taiscéalaíochta (Táillí Ceadúnais Sirtheoireachta)	192,180	334,466	200,765
Eile	*8,021	*1,682	*1,005,502
IOMLÁIN	**€7,346,006**	**€6,505,890**	**€4,896,496**

** Baineann an figiúr seo le fáltais a fuarthas ó chuideachta mianadóireachta maidir le cúiteamh a d'íoc an tAire le húinéirí mianraí príobháideacha.*

TAISCÉALAÍOCHT AGUS MIANADÓIREACHT MIANRAÍ

An leas is fearr a bhaint as an méid a dhéanann an earnáil mianadóireachta don gheilleagar, agus aird chuí á thabhairt ar an tionchar sóisialta agus timpeallachta atá aici agus chun feabhsúchán iarshuíomhanna mianadóireachta a éascú, i gcásanna ina bhfuil ról so-aitheanta agus aitheanta ag an Aire.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

An leas is fearr a bhaint as an méid a dhéanann an earnáil mianadóireachta don gheilleagar, agus aird chuí á thabhairt ar an tionchar sóisialta agus timpeallachta atá aici.

Tionscal domhanda is ea tionscal na mianraí. Mar thoradh air sin, léiríonn an leibhéal gníomhaíochta taiscéalaíochta in Éirinn na treochtaí sa mhargadh domhanda, go háirithe i dtaobh praghsanna miotail ag an am. Braitheann Éire ar an margadh since ach go háirithe ó tharla go bhfuil sé mar bhunsprioc na taiscéalaíochta atá ar siúl. Bhí praghasanna miotail go síorluaineach le blianta beaga anuas agus bíonn tionchar acu seo ar tháirgeacht domhanda. Níor lean an treocht seo ar aghaidh, áfach, agus thit praghasanna since go mór i 2008 sular tháinig feabhas orthu arís i 2009. Tá an luaineacht seo soiléir ón titim a tháinig ar phraghasanna since. Thit na praghasanna ó €1,590 an tona in Eanáir 2008 go €818 an tona i Nollaig 2008, agus d'ardaigh siad arís go €1,625 an

[1] *Athluadh ioncaim a fuarthas in 2007, 2008 agus 2009 chun léiriú níos cruinne a thabhairt ar ghníomhaíochtaí taisceálaíochta agus mianadóireachta.*

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

tona i Nollaig 2009.

Ar an drochuair, bhí tionchar suntasach ag an luaineacht sin ar an trí mhianach atá ag feidhmiú in Éirinn agus dá bhrí sin chuir sé sin go mór isteach ar an mbrabúsacht acu. Toisc gur fhan praghsanna since in ísle i 2008, chinn Bord *Lundin Mining Corporation* Mianach Ghabhalmhaí a dhúnadh. Bhí an mianach ag teacht go deireadh a ré. Cuireadh stop go héifeachtach le táirgeadh ag muileann Ghabhalmhaí i Meitheamh 2009. Tá an deis ann, áfach, teacht ar mhian fuílligh ardghráid ag Gabhalmhaí agus próiseáil a dhéanamh air ag mianach an Lisín agus tá an-dul chun cinn á dhéanamh sna díospóireachtaí idir an dá mhianach.

Leis an gcúlra sin, ba léir gur éirigh leis na straitéisí éagsúla a lean an Roinn ó thaobh leibhéal ard 'sofheictheachta' idirnáisiúnta a chothabháil agus a chinntiú gur thaispeáin cuideachtaí ilnáisiúnta agus sóisir araon suim sa taiscéalaíocht. Lean an Roinn ar aghaidh go gníomhach ag cur ainm na hÉireann chun cinn mar láthair tarraingteach le haghaidh taiscéalaíocht agus forbairt mianraí.

Tháinig méadú ar thaiscéalaíocht in Éirinn sa bhliain 2009. Bhí 486 ceadúnas ann ag deireadh 2009, méadú 14 ceadúnas ar 2008. Díríodh ar shinc/luaidhe agus ar tháirmhiotail eile den chuid is mó.

I gcás ina ndéanfar fionnachtain tráchtála mar thoradh ar shirtheoireacht, is féidir le húinéirí Cheadúnas Sirtheoireachta cur isteach ar Shaoráidí Mianadóireachta Stáit (Léas nó Ceadúnas). Comhaontaítear na téarmaí chuige seo trí idirbheartaíocht leis na hiarratasóirí ar bhonn cás ar chás agus de ghnáth bíonn cíos seasta le híoc mar aon le ríchíos bunaithe ar aschur nó ioncam.

Mar chuid de Chlár leanúnach um Eisiúint Sonraí, leanadh ag cur amach sa fearann poiblí na sonraí taiscéalaíochta neamhrúnda atá á gcoimeád ag an Roinn. Rinneadh é seo tríd láithreán gréasáin tionscal-dírithe na Roinne (www.mineralsireland.ie).

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Córas reachtúil nua-aimseartha do mhianadóireacht a fhorbairt agus a thabhairt ar aghaidh.

An Bille Forbartha Mianraí

Leanadh den dréachtú ar an mBille Forbartha Mianraí nua a thosaigh ag deireadh 2007. Féachtar leis an mBille Forbartha Mianraí na hAchtanna Forbartha Mianraí 1940 go 1999 a dhaingniú, na forálacha a thabhairt

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

suas chun dáta ar aon dul le dea-chleachtas reatha, agus na nósanna imeachta ceadaithe a luathú. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Bille sa bhliain 2010.

An Bille Fuinnimh Geoiteirmigh

Teas in-athnuaite nádúrtha is ea an fuinneamh geoiteirmeach a ghintear ag croílár an domhain agus a radaítear chuig an dromchla. Chun an leas is fearr a bhaint as fuinneamh geoiteirmeach baintear leas go fóinteach as an teas chun freastal ar an éileamh ar fhuinneamh. Go minic bíonn an teas a úsáidtear i bhfoirm uisce te agus gaile. Is féidir an fuinneamh a bhaint mar leictreachas. Bainfidh stáisiún cumhachta geoiteirmeach úsáid as gal nó teas (suas go 370°C) chun gineadóirí tuirbíneacha a chur ag obair chun an leictreachas a bhaint nó chun an fuinneamh a bhaint i bhfoirm teasa.

Faoi láthair níl creat reachtaíochta ar bith chun fuinneamh geoiteirmeach a reáchtáil in Éirinn. Mar aitheantas ar an méid a d'fhéadfadh fuinneamh geoiteirmeach a dhéanamh chun spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise a laghdú tugadh tosaíocht d'obair ar fhorbairt reachtaíochta maidir le fuinneamh geoiteirmeach sa bhliain 2009. Tugadh faoi dhianchomhairliú leis an earnáil agus le páirtithe leasmhara agus táthar ag súil go gcuirfear Cinn Bille faoi bhráid an Rialtais i Meitheamh 2010.

Cuspóir Straitéiseach a TRÍ

Cleachtais in earnáil na mianraí a éileamh agus a éascú.

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) an bunúdarás inniúil i dtaobh fuíoll a ghintear faoi fhorálacha na Treorach AE maidir le Dramhaíl ón Tionscal Éastóscach a foilsíodh i 2008.

Cuspóir Straitéiseach a CEATHAIR

Maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail fheabhsúcháin ar leith agus comhairle eolasach maidir le polasaí agus cinnteoireacht a sholáthar i leith seansuíomhanna mianadóireachta.

I ndiaidh cinneadh an Rialtais i Meitheamh 2005 freagracht a ghlacadh as athshlánú na seansuíomhanna mianadóireachta i mBéal Átha Gabhann, Co. Thiobraid Árann, d'aontaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh (CCTAT) feidhmiú mar ghníomhairí an Aire. Cuireadh críoch le Céim 1 d'oibreacha feabhsúcháin ag suíomh an Ghoirt Mhóir i 2008. Cuireadh tús le Céim 2 in Iúil 2009 agus

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

cuireadh deireadh le cuid mhaith di in am agus de réir buiséid roimh dheireadh 2009. Rinneadh dul chun cinn maidir le pleanáil agus dearadh na n-oibreacha ag na suíomhanna eile i mBéal Átha Gabhann agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an gclár oibreacha i 2010 agus 2011 le go gcríochnófar an tionscadal feabhsúcháin roimh dheireadh 2012. Cuireadh comhfhardal ar shuíomhanna tréigthe mianadóireachta i gcrích i 2009, lena n-áirítear an fardal ar shaoráidí fuílll áirithe a éilítear faoin Treoir AE maidir le Dramhaíl ón Tionscal Éastóscach. Bhí an comhfardal maoinithe ag an DCENR/GCC. Foilsíodh Imleabhar I den fhardal i Márta 2010.

Cuspóir Straitéiseach a CÚIG
Maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann (SOÉ) chun go leanfaidh sí ag déanamh forbairt ar a cúraim trachtála, agus ag baint cuspóirí leasa náisiúnta amach ag an am céanna.

D'aistrigh freagracht i ndáil le rialachas corparáideach an SOÉ go dtí an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an 1 Eanáir 2008. Faoi théarmaí an Achta um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann 2001, oibríonn an SOÉ faoi Chomhaontú Seirbhíse i leith maoiniú ón Rialtas a chuirtear ar fáil sa phróiseas Meastacháin bliantúil chun go dtabharfaidh sí faoi thascanna áirithe, comhlíonfaidh sí feidhmeanna nó cloífidh sí le caighdeáin nuair atá a gcuid feidhmeanna á chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail.

Chuaigh an Roinn i dteagmháil go mór leis an SOÉ i 2009 maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe Seirbhíse agus freisin maidir leis na ceangail airgeadais atá uirthi agus ceisteanna leanúnacha maidir le rialachas corparáideach.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

SUIRBHÉIREACHT GHEOLAÍOCHTA ÉIREANN

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

Uasleas a bhaint as an tairbhe d'Éirinn atá ag eolas geo-eolaíochta ar ardchaighdeán atá ábhartha do riachtanais na tíre agus a chuirtear ar fáil go costéifeachtach.

Cuspóirí Straitéiseacha

- Forbairt inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha na hÉireann a thacú.
- Tacaíocht geo-eolaíochta iontaofa a sholáthar chun an comhshaol a chaomhnú agus pleanáil spásúlachta a dhéanamh go héifeachtach.
- Suirbhéireachtaí geo-eolaíochta a chomhlánú i réimsí tosaíochta mar fhreagairt do na riachtanais atá ag earnálacha agus ag custaiméirí ar leith.
- An geilleagar eolais a thacú trí rochtain ar bhunachair gheolaíochta a chur ar fáil agus tacú le seirbhísí tosaíochta um thaighde agus oideachas.

Dul chun cinn i nGeo-eolaíocht Mhara

Le linn 2009 bhí bliain rathúil suirbhéireachta eile ag INFOMAR, an clár de mhapáil ghrinneall na farraige gar don chósta atá faoi láimh i gcomhpháirt le Foras na Mara. Agus í leagtha amach chun eolas comhtháite ar an acmhainn fhisiciúil, cheimiceach agus bhitheolaíochta atá le fáil go fairsing ar ghrinneall na farraige a chruthú, leag INFOMAR Limistéar Caomhantais Speisialta muirí nua amach in Inbhear na Sionainne i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Chomhlánaigh an Long Taighde *Celtic Voyager* suirbhéireachtaí i mBá an Daingin agus ar fud chósta Loch Garman agus Chontae Átha Cliath ar mhaithe le sábháilteacht mhuirí agus cuspóirí oidhreachta bitheolaíochta.

Rinneadh coimisiúnú ar an Long Taighde Keary, bád suirbhéireachta cois cladaigh costéifeachtach, le linn 2009 agus thosaigh sí i mbun suirbhéireachta i gCuan Bhaile Átha Cliath. Thug sí faoi suirbhéireachtaí comhoibríocha sa Mhuir Mheann i gcomhar le lucht fuinnimh agus oidhreacht bitheolaíochta. Bhí INFOMAR mar chomhpháirtí ag dhá thionscadal a fuair tacaíocht ón AE, GEOSEAS (FP7) agus EMODNET (DG Mare), a dhéanfaidh tacair shonraí nua agus éifeachtúla a sheachadadh.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Sa bhliain 2009 bhí sé deich mbliana caite le mapáil ghrinneall na farraige agus tugadh aitheantas don ocáid suntasach seo ag comhdháil 'Grinneall na Farraige 10' i mí Dheireadh Fómhair, comhdháil a rinne athbhreithniú ar dhul chun cinn agus ar thionchar na hoibre seo.

Gabháil agus Stóráil Charbóin

Cé go gcruthaíonn go leor de thionscadail Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann tacair shonraí a thacaíonn le forbairt an fhuinnimh Ghlais (lena n-áirítear fuinneamh geoiteirmeach), díríodh go mór ar mheasúnú ar an acmhainn um charbóin a ghabháil agus a stóráil (CCS) i bhfoirmíochtaí geolaíochta faoi ghrinneall na farraige agus réigiún an chósta. Féachtar ar stóráil buan d'astuithe dé-ocsaíd charbóin ó phoncfhoinsí (go háirithe stáisiúin chumhachta gualbhreoslaithe) mar theicneolaíocht thábhachtach chun an athrú go dtí geilleagar 'fuinnimh ghlais' a éascú fad is atáimid ag comhlíonadh ár gcuid dualgas, maidir le hastuithe gáis cheaptha teasa.

I rith 2009 chomhoibrigh Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar thionscadail chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainn stórála carbóin, bunaithe ar uiscíoch sailíne feiliúnach, cóngarach do Stáisiún Cumhachta Ghob na Muine, Co. an Chláir.

Bhí Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann ar na páirtithe do bheartas tionscadail chun an acmhainn stórála carbóin i nGáscheantar Chionn tSáile a mheasúnú. D'éirigh leis an mbeartas sa chéad chuid den iarratas ar mhaoiniú AE ag deireadh 2009.

Soláthairtí Glana Uisce

Cuireann Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann seirbhís comhairle thábhachtach ar fáil do thionscadail bonneagair ag na hÚdaráis Áitiúla faoin gceannteideal seo. Lean an clár mapála náisiúnta i dtaobh cosaint screamhuisce de réir an sceidil le linn 2009. Tugadh i gcrích obair allamuigh i gContaetha i gCéim 1 (Baile Átha Cliath, Liatroim, Longfoirt, An Lú, Sligeach agus An Iarmhí) i 2008 agus táirgeadh na mapaí a bhí mar thoradh air sin i ndréacht i 2009. Idir an dá linn d'éirigh leo an obair allamuigh do Chontaetha i gCéim 2 (Ceatharlach, Luimneach, Uíbh Fháilí, Port Láirge agus Loch Garman) a thabhairt chun críche i rith 2009. Chomh maith leis sin cuireadh dréacht thuarascálacha i dtoll a chéile do cheithre chrios cosanta foinse thart ar sholáthairtí uisce poiblí suntasacha i gCo. an Lú.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Lean Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann ag tacú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i 2009 trí chur i bhfeidhm Chreat-Treoir Uisce an AE (WFD) trí shonraí agus saineolas a chur ar fáil. Le linn 2009 bhí béim ar tharraingt chriosanna cosanta foinse thart ar phointí monatóireachta na Creat-Treorach Uisce, agus Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann ag déanamh nuashonrú ar a Mhapa Athlíonta Screamhuisce do Chontaetha i gCéim 1 agus athlíonadh i gceantair charstacha casta a mheas.

Cuireadh tús le staidéar bonnlíne den ithir i gCathair Bhaile Átha Cliath agus tá an-chuid comhairle le geallsealbhóirí i gceist leis seo.

Ag cuidiú le príomh-bhonneagair

Tá Tionscadal Geo-uirbeach Bhaile Átha Cliath ag cruthú samhail 3D d'fhodhromchla na cathrach a bheidh mar chuid tábhachtach do thionscadail iompair amach anseo. Rinneadh tástáil ar réimse bogearraí inroghnacha le linn 2009 agus sonraí ó Chalafort Bhaile Átha Claith agus ó cheantar mórthimpeall lár na cathracha i gceist.

I rith 2009, cuireadh i gcrích mapáil ar an acmhainneacht um acmhainní gráinneacha (gainimh agus gairbhéal, atá éagsúil ó bhuncharraig bhrúite) do na Contaetha Cill Chainnigh, Liatroim, Longfoirt, An Lú, Uíbh Fhailí agus Sligeach.

I 2009 tharraing an cur isteach arís agus arís eile ar sheirbhísí bóthair agus traenach de bharr sciorradh talún aird ar an tionchar diúltach geilleagair a bhaineann le fiú mionimeachtaí. Tá sé i gceist le mapáil ar an gclaonadh um sciorradh talún i mór-réigiúin Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí béim a leagan ar na ceantair is mó atá i gcontúirt agus le linn 2009 críochnaíodh na comhpháirteanna fardail agus léirmhíniú ar aerghrianghraif chomh maith le han-chuid bailíocht allamuigh.

Cuireann Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann tacaíocht ar fáil don phróiseas pleanála trí fhógraí ar ráitis tionchair timpeallachta agus ar iarratais phleanála a fhreagairt. Bíonn ionchuir ar oidhreacht geolaíoch agus ar choinníollacha geoiteicniúil de dhíth go seasta. Bhí líon de 185 ar an iomlán d'fhógraí ann le linn 2009, thart ar 50% den leibhéal i 2008 (357 fógra) a léiríonn an meath atá tagtha ar thionscal na tógála le gairid.

Rochtain ar Shonraí do Chustaiméirí

De réir a pholasaí maidir le rochtain saor in aisce ar shonraí, tá bunachair shonraí móra ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann maidir le

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

cladaigh agus cósta na hÉireann agus tá siad seo saor in aisce agus le fáil go héasca i bhfoirm a mbeidh an réimse is leithne daoine in ann iad a úsáid go mór.

Ag Tógáil an Cumas Taighde san nGeo-eolaíocht

Tá Scéim Ghradaim Taighde Geo-eolaíochta *Griffith*, chun cur leis an gcumas taighde náisiúnta, ag cur maoine ar fáil sna príomhréimsí ar nós Gábháil agus Stóráil Charbóin, acmhainní screamhuisce agus ghrinneall na farraige, agus an tionchar ag athrú aeráide orthu san áireamh.

Suim an Phobail

Lean gníomhaíochtaí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann dóibh ag múscailt suim an phobail, ag cothú an leibhéil chlúdaigh de na meáin chlóite a bhí acu i 2008. Bhain 40% den chlúdach le gníomhaíochtaí faoi ghrinneall na farraige, agus bhain oidhreacht agus for-rochtain beagnach 20% an ceann amach.

Comhoibriú Geo-eolaíochta Thuaidh-Theas

Baineadh éachtaí móra amach faoin gCreat le haghaidh Chomhoibriú (Samhain 2007) idir Suirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann (GSNI), Suirbhéireacht Gheolaíochta na Breataine (BGS) agus Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann. Seo a leanas cuid de na príomhshamplaí a bhí ann i 2009:

An Fuinneamh/an Athrú Aeráide
Chuaigh Suirbhéireacht Gheolaíochta na Breataine, Suirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann agus Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann i mbun samhail 3D den bhfodhromchla faoin Mhuir Mheann a thógáil mar chuid den chéad chéim maidir lena hacmhainneacht maidir le Gabháil agus Sábháil Charbóin a mheas.

Bonneagar/Guaiseacha: Tar éis comhoibriú níos túisce ar sciorradh talún, d'éirigh go maith le seimineár i 2009 ar an taighde le gairid faoi sciorradh talún agus d'fhreastail 80 geallsealbhóir air.

Oidhreacht/For-rochtain: Bunaíodh Fóram Gheopháirceanna na hÉireann mar imeacht líonraithe luachmhar do gheallsealbhóirí na nGeopháirceanna. Foilsíodh póstaeir ar "an Aeráid le hImeacht na hAimsire" agus "Clocha Tógála".

Comhthéacs Straitéiseach

Comhfhoilsíodh "Geo-eolaíocht - I dTreo Gheilleagair Ghlic", ag Acadamh Ríoga na hÉireann, Suirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann agus Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann ag deireadh 2009, agus déantar cur síos ar

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

conas mar is féidir leis an earnáil geo-eolaíochta cur le téarnamh an gheilleagair agus déantar cur síos ar fhís na hearnála i 2020.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

IASCAIGH INTÍRE

PRÍOMHCHUSPÓIR BEARTAIS

Acmhainn na n-iascach intíre a chaomhnú trí rialú corparáideach éifeachtach a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne agus saothrú na hacmhainne sin a éascú ar bhonn cothrom inmharthana.

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Caomhnú éifeachtach na stoc agus na ngnáthóg iascaigh intíre a chinntiú trí na mbord iascaigh agus Ghníomhaireacht na Loch

Lean an Roinn ag cur beartas Rialtais i bhfeidhm chun bainistiú ar iascach bradán fiáin a thabhairt de réir chomhairle eolaíochta agus chuige sin tugadh isteach 18 bhFo-Dhlí agus 6 Ionstraim Reachtúil ar an iomlán. Bhain 10 gcinn de na Fo-dhlíthe le haibhneacha agus glacadh leibhéal stoc gach abhainn inti féin san áireamh.

Ag a gcruinniú bliantúil i Meitheamh 2009 ghlac NASCO (An Eagraíocht um Chaomhnú Bhradáin an Atlantaigh Thuaidh) an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhartha a rinneadh faoin bPlean Náisiúnta Forfheidhmithe chomh maith le tuarascáil ar chosaint, ar athnuachan agus ar fheabhsú gnáthóg bradán. Thug coiste measúnaithe NASCO moladh don tuarascáil.

Lean an Roinn di á cosaint féin ar chásanna dlí a tógadh i gcoinne bhainistiú an iascaigh Bhradán.

Déanadh íocaíochtaí faoi Scéim Cruatain na mBradán, scéim a bunaíodh dóibh sin a raibh tionchar ag an stad éigeantach a cuireadh le hiascaireacht na stoc mheasctha sa bhfarraige. I 2009 leithroinneadh €1.7m ar Bhord Iascaigh Mhara (BIM) agus ar Ghníomhaireacht na Loch a riar an scéim.

Dhírigh scéim bainteach, Scéim Tacaíochta Pobail, ar dheiseanna eacnamaíochta breise a fhorbairt d'fhoirne na mbád agus d'fhostaithe sna hearnálacha próiseála agus coimhdeacha sna pobail a raibh iascaireacht tráchtála na mbradán fadbhunaithe iontu agus a raibh tionchar mór aici ar chúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta na bpobal sin nuair a tarraingíodh siar é. Dáileadh na híocaíochtaí deiridh arbh fiú €2.9m in iomlán iad ar chuideachtaí LEADER faoin scéim seo i 2009.

ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA

Chun Rialachán 1100/2007 ó Chomhairle an AE a chomhlíonadh cheadaigh Coimisiún an AE plean náisiúnta do bhainistiú eascann i Meitheamh 2009. Mar chuid d'fheidhmiú an phlean do bhainistiú eascann i 2009 tugadh isteach roinnt bearta faoinar cuireadh deireadh le hiascach eascann agus cuireadh tús le hoibríochtaí chun breith ar eascanna agus iad d'iompar timpeall stáisiúin hidrileictreacha BSL ar an tSionnain agus ar Loch Éirne.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Creat reachtaíochta agus creat rialacháin éifeachtach a sheachadadh san earnáil iascaigh intíre chomh maith lena bainistiú ar luach ar airgead.

Foilsíodh an Bille um Iascaigh Intíre 2009 i mí na Samhna 2009. Déanann an Bille foráil d'atheagrú ar bhainistiú na hearnála iascaigh intíre lena n-áirítear údarás náisiúnta iascaigh intíre láidir amháin a bhunú ar a dtabharfaí Iascaigh Intíre Éireann. Tiocfaidh an t-údarás seo in áit an Phríomh-Bhoird Iascaigh agus na seacht mBord Iascaigh Réigiúnacha atá ann.

Mar thoradh ar an atheagrú déanfar bainistiú níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ar an acmhainn iascaigh intíre. Déanfar beartais a cheapadh ar bhealaí níos sruthlínithe, níos comhsheasamhaí agus níos lánpháirtithe agus bainfear leas níos fearr as acmhainní airgeadais agus leithroinnfear ar bhealach níos fearr iad.

Bhí an tAire agus an tAire Stáit rannpháirteach i dtrí chruinniú leis an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas um an Earnáil Dobharshaothraithe agus Mara faoina bhfeidhmíonn Gníomhaireacht Loch an Fheabhail, Loch Chairlinn agus Choimisiún Shoilse na hÉireann le comhurraíocht ón Roinn. Ceadaíodh cúig rialachán a bhaineann le bainistiú iascaigh (lena n-áirítear rialáil ar iascaireacht oisrí, caomhnú eascann agus rialáil ar gharbhiascaireacht).

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

BEARTAS ARD-LEIBHÉIL

An Roinn a bheith ina heagraíocht fhaisnéis-bhunaithe chuimsitheach a bheidh dírithe ar thorthaí agus í ag feidhmiú de réir na luachanna agus na gcaighdeán is airde seirbhíse poiblí le seirbhís a mbeidh nuálaíocht agus feabhas leanúnach ag baint léi a sheachadadh.

Réamhrá

Cuirtear seirbhísí tacaíochta ar fáil don Roinn iomlán sa réimse seo agus is ann a riartar polasaí Acmhainní Daonna (AD) agus Buiséad na Roinne.

Is iad na réimsí de bhainistíocht chorparáideach ata i gceist ná Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise, Airgeadas, Iniúchóireacht Imheánach agus Seirbhísí Corparáideacha.

An ról atá ag na réimsí seo ná tacaíocht a thabhairt do Rannáin líne na Roinne leis na cuspóirí earnála a bhaint amach agus freagracht a ghlacadh i dtaobh saincheisteanna leathana a bhainfeadh le dhá Rannán nó níos mó. Tá na straitéisí a bhaineann le gach ceann de na cúig réimse atá luaite thuas leagtha amach thíos.

ACMHAINNÍ DAONNA

Cuspóir Straitéiseach

Leas na foirne a chur chun cinn, iad a spreagadh agus bheith mar bhuntaca faoin bhfheidhmíocht eagraíochtúil agus faoin bhfeabhas leanúnach de réir dea-chleachtas sa réimse.

B'iad na príomhdhúshláin roimh an Rannán Acmhainní Daonna i 2009 ná:

- Bainistiú a dhéanamh ar líon na foirne de réir mholtaí an Rialtais agus Thuarascáil an Ghrúpa Speisialta ar Líon Foirne sa tSeirbhís Phoiblí agus ar Chláir Chaiteachais; agus

- Scéimeanna mar an Scéim Dhreasaithe le Dhul ar Luathscor, an Scéim Dhreasaithe le Dul ar Shos Gairme agus an Scéim do Bhliain Oibre Níos Giorra a chur i bhfeidhm le héifeacht a thabhairt do Bheartas Rialtais i ndáil le líon foirne san earnáil phoiblí.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

Déanadh dul chun cinn freisin maidir leis na saincheisteanna straitéiseacha seo a leanas:

- Tá an phleanáil tosnaithe le Straitéis AD a chur le chéile ina nglactar san áireamh forbairtí CBFF agus Clár nua-Chóirithe na Státseirbhíse;
- Leanúint ag tacú le CBFF lánpháirtithe a neadú go docht san Roinn;
- Tá obair shuntasach déanta le ceadúnas earcaíochta a bhaint amach ón gCoimisiún um Cheapacháin san Earnáil Phoiblí ionas go mbeadh níos mó solúbthachta ag an Roinn i dtaobh foirne a fhostú;
- Beartais agus cleachtais a fheidhmiú a bheadh mar thaca praiticiúil ar an reachtaíocht um mhíchumas agus ar dhea-chleachtas agus a chothaíonn timpeallacht oibre fhorghníomhach do lucht foirne faoi mhíchumas; agus
- Cinntiú go leanann AD ag tacú le Rannáin líne chun cuspóirí gnó a bhaint amach.

Líon Foirne sna blianta 2007, 2008 agus 2009:

Dáta	Líon Foirne
31/12/2007	339
31/12/2008	298
31/12/2009	271

Mar a léiríonn na figiúirí thuas thit líon lán-aimseartha na Roinne de 68 nó 20% tríd an dá bhliain 2008 agus 2009.

TEICNEOLAÍOCHT na FAISNÉISE

Cuspóir Straitéiseach

Bonneagar, teicneolaíochtaí, agus córais chumarsáide agus fhaisnéise slána, seasmhacha agus ar ardchaighdeán a sholáthar mar thaca le freagrachtaí eagraíochtúla agus earnála na Roinne.

Tá Rannán na gCóras Faisnéise freagrach as seirbhísí na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (ICT) a sheachadadh ar an Roinn lena n-áirítear córais ghnó a fheidhmiú agus a chothabháil mar atá leagtha amach i straitéis ICT 2008-2010.

Áirítear ar thionscnaimh na Ranna a tugadh chun críche i 2009 bogearraí slándála nua ríomhaire a scaoileadh amach ar gach ríomhaire pearsanta (PC) agus bogearraí criptithe ar gach ríomhaire glúine agus gach fearas

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

USB. Lean an tionscadal tubaiste/athslánaithe nuair a suiteáladh córas iomlán fíor-ama aistrithe i gcás teip i ndáil le feidhmchláracha ríomhphoist, airgeadais agus tuarastail.

Forbraíodh dhá fheidhmchlár nua don Earnáil Acmhainní Nádúrtha agus seachadadh iad. Cuireann an feidhmchlár OPALS córas cúloifige ar fáil a thugann taca don fhoireann EMD le hiarratais ar cheadúnais sirtheoireachta a phróiseáil. Cuireann an láithreán gréasáin idirlín IPAS ar chumas cuairteoirí eolas a fháil ar shonraí teicniúla (tobair, seismeach, imtharraingt agus maighnéadach) a bhaineann le taiscéalaíocht agus táirgeadh peitriliam atá i seilbh ag Rannán Gnóthaí Peitriliam na Roinne.

Leanadh le hobair, i gcomhar leis an GSI, ar shonraí Córais Faisnéise Geografach (GIS) a fhorbairt ina gcruthaítear meiteashonraí chun freagrachtaí faoin Treoir INSPIRE ón AE a chomhlíonadh. Forbraíodh samhail sonraí spásúil nua a cuireann leis na timpeallachtaí atá ina mbuntaca faoi ghné stórála an tsamhla

Bonneagar Teicniúil

Cuireadh tús i 2009 ar dhearadh nua líonra chun macsamhlú iomlán a chur ar fáil in oifigí Bhóthar Adelaide agus Thor an Bhacaigh rud maidir le naisc seachtracha (ríomhphost, líonraí rialtais srl). Tabharfar seo chun críche i 2010 de thoradh ar phróiseas tairisceana.

Acmhainn ICT

Cuireadh conarthaí 'tarraingt anuas' i bhfeidhm i dtaobh na bpríomhinniúlachtaí teicniúla ar fad is gá le seirbhísí ICT a sheachadadh lena n-áirítear riarachán bhunachar sonraí, forbróirí bogearraí, dearadh gréasáin, tástálaithe agus anailísithe córas.

Cuireadh rialachas airgeadais, riaracháin agus soláthair i bhfeidhm le monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar úsáid na n-acmhainní conartha.

AN RANNÁN AIRGEADAIS

Cuspóir Straitéiseach a hAON Bainistiú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar airgeadas na Roinne ionann is go mbeifear ag comhlíonadh go hiomlán na nósanna imeachta airgeadais agus tacú le héifeachtacht eagraíochtúil agus le cumadh beartas a bheidh bunaithe ar fhianaise agus pleanáil, measúnú agus fadradhairc suntasach maidir le cúrsaí airgeadais agus ghnó.

I 2009 d'fhéach an Roinn le cur le cumas bainistithe airgeadais agus an leas is fearr a bhaint as an gCóras Bainistithe Airgeadais (FMS) trí oiliúint airgeadais a leagadh amach go speisialta a sheachadadh. Chuidigh an cur chuige

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

dírithe sin leis an Roinn pleanáil ghnó, tuairisciú airgeadais agus próisis bhainistithe riosca a láidriú. Neartaíodh na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí (arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais) agus cuireadh le héifeachtacht eagraíochtúil agus le cinntí beartas a dhéanamh agus iad bunaithe ar fhianaise.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Cinntiú de go dtabharfar tosaíocht don leas is éifeachtaí a bhaint as acmhainní airgeadais chun aschuir aontaithe a sheachadadh agus le luach a fháil ar airgead.

Ba é an soláthar Vótáilte don Roinn i 2009 ná €527.7 milliún ach ba í €473.2 milliún an táirgeacht, rud a d'fhág gur sábháileadh €54.5 milliún. Rinneadh coigealtas de €3.5m sa Bhuiséad Riaracháin i gcomórtas leis an soláthar Buiséid de €28.9 milliún.

Comhlíonadh gach riachtanas tuairiscithe míosúil agus bliantúil don gCoiste Bainistíochta, ar a raibh príomheolas airgeadais agus neamhairgeadais, i 2009. Bhí breis anailíse oibriúcháin, cumas chun aschuir a thomhas, éifeachtúilacht, agus luach ar airgead mar bhonn dos na cinntí caiteachais ag an Roinn.

INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Cuireann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh dearbhú oibiachtúil ar fáil don Roinn maidir le leordhóthanacht na gcóras inmheánach rialaithe nó a mhalairt agus, nuair is gá, cuireann gníomhaíocht chomhairleoireachta ar fáil atá leagtha amach le cur le luach oibríochtaí na Roinne agus iad a fheabhsú.

Cuspóir Straitéiseach

Éifeachtacht agus éifeachtúlacht na gcóras inmheánach rialaithe sa Roinn a chinntiú.

Cur i bhfeidhm

- Athbhreithnithe sceidealaithe ar chóras inmheánach rialaithe airgeadais na Roinne, chun cinntiú go gcuirtear feabhas leanúnach air.
- Clár Bliantúil d'Iniúchóireacht Inmheánach a forbraítear ar bhonn anailíse riosca
- An clár bliantúil iniúchóireachta a bheartaítear a thabhairt chun críche faoi threoir Choiste Iniúchóireachta na Roinne
- Ceadaíonn an Coiste Iniúchta an Plean Iniúchóireachta Bliantúil
- Buaileann an Coiste Iniúchóireachta le chéile 5 uair sa bhliain chun

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

tuarascálacha iniúchóireachta a bhreithniú

Tugadh iniúchóireachtaí chun críche le linn 2009 ar réimsí ábhar lena n-áirítear:

- An Scéim Náisiúnta Leathanbhanda
- Iascaigh Intíre
- Caiteachas ar Chomhairleoireacht
- Caiteachas ar Fhuinneamh Inmharthana

Cuidiú leis an Roinn a cuspóirí a bhaint amach trí leas a bhaint as cur chuige córasach, faoi smacht chun éifeachtacht an phróisis bhainistithe riosca, rialála agus rialachais a mheas agus a fheabhsú.

Cur i bhfeidhm

- Iniúchóireachtaí tugtha chun críche in am agus faofa ag Coiste Iniúchóireachta na Roinne.
- Moltaí iniúchóireachta curtha i bhfeidhm in am agus go héifeachtach.
- Caighdeán na rialála a leagtar amach sa Ráiteas Rialála Airgeadais atá leis an gCuntas Leithreasa deimhnithe
- Treoirlínte cuí na Roinne Airgeadais agus an Choimisiúin Eorpaigh á gcomhlíonadh.

AN RANNÁN SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

AN tAONAD COMHORDAITHE

Déanann an tAonad comhordú ar shaincheisteanna trasrannacha, trasroinne agus idirdhlínsí lena n-áirítear inter alia: saincheisteanna intíre, AE agus Thuaidh/Theas.

Cuspóir Stratéiseach

An cuspóir ná seirbhís chomhordaithe a sholáthar do na Rannáin ar fud na réimsí leathana éagsúla eacnamaíochta agus beartais de chuid freagrachtaí na Roinne agus chomh maith leis sin ionadaíocht a dhéanamh ar an Roinn ar réimse grúpaí idirrannacha agus grúpaí beartas de réir mar is gá.

Cur i bhFeidhm

Cuirtear saincheisteanna a thagann chun cinn ó réimsí éagsúla foinsí (Ranna Rialtais, an tAE, Údaráis Áitiúla srl.) chun cinn chuig réimsí iomchuí na Roinne agus déanann an tAonad comhordú ar fhreagraí ar na saincheisteanna sin bunaithe ar ábhar a chuirtear ar ais chuige. I 2009 láimhseáil an tAonad breis is 1,000 cás a tháinig chun cinn ó na foinsí sin a bhain le, inter alia, Measúnuithe Straitéiseacha Comhshaoil, Ceisteanna Dála, Meabhráin don Rialtas, cáipéisí faisnéise srl. agus réitigh iad. Ar

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

mhaithe le héifeachtúlacht is cumarsáid leictreonach an phríomhuirlis a mbaintear leas aisti chun iarratais a scaipeadh agus chun freagairt do cheisteanna in am trátha.

Saoráil Faisnéise (FOI)

Fuair an Roinn 52 iarratas nua le linn 2009 agus thug 6 chás chun cinn ó 2008. B'iad seo a leanas na torthaí:

An líon iarratas a tugadh chun cinn ó 2008	6
An líon iarratas nua a fuarthas i 2009	52
Líon Iomlán na nIarratas a Próiseáladh i 2009	**58**

Torthaí na nIarratas a Próiseáladh i 2009

Ceadaíodh	22
Cion de ceadaithe	12
Diúltaithe	9
Aistrithe chuig Ranna eile	2
Tarraingthe Siar	6
Tugtha Chun Cinn go dtí 2010	7

Achomhairc

Fuair an Roinn iarratas ar 6 Athbhreithniú Inmheánacha a tugadh ar fad chun críche agus cloíodh leis an mbunchinneadh iontu go léir.

Bhí 11 chás a bhain le cinntí na Roinne seo a raibh achomharc á ndéanamh orthu le hOifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC) ag tús 2009 chomh maith le 1 chás nua.

Torthaí Líon Cásanna	
Cloíodh le cinneadh na Roinne	3
Rinne an OIC athrú ar chinneadh na Roinne	5
Tugtha chun cinn go dtí 2010	4

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Timpeallacht Oibre

Leanann an Roinn di ag déanamh monatóireacht ar nósanna imeachta chomh maith len iad a fhorbairt agus iad a chur in iúl lena chinntiú go mbeidh timpealleacht oibre folláin, sábháilte ar na caighdeáin seachadta seirbhíse is airde ag Airí, an Ard-Rúnaí agus foirne in oifigí uile na Roinne.

Áirítear ar an oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta a déanadh - oiliúint ar an Ionadaí Sábháilteachta, Garchabhair, úsáid dífhibrileora, nósanna imeachta don Mharascal Dóiteáin agus maidir leis an gCathaoir Aslonnaithe os choinne aslonnú éigeandála.

Bhí an Roinn chun cinn freisin maidir le bearta a chur i bhfeidhm ar an láthair oibre i gcabhair ar scaipeadh Fhliú A (H1N1), nó 'Fliú na Muc' mar a thugtar air, a chosc le linn 2009. Bhí scaipeadh eolais, Glantóirí Láimhe a shuiteáil ar fud fhoirgnimh na Roinne agus Ciarsúir Bhithicíde a chur ar fáil do gach ball den fhoireann i gceist leis sin.

Tá Closchóras Lúb Soghluaiste curtha ar fáil ag an Roinn lena n-úsáid i seomraí cruinnithe chun cumarsáid a éascú do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta ag dul dóibh.

Luach ar Airgead

Déanann an Rannán Seirbhísí Corparáide cleachtaí um luach ar airgead ar bhonn leanúnach ar fud réimse réimsí. Mar thoradh air seo bítear níos éifeachtaí ó thaobh airgid agus rinneadh sábháil shuntasach mar gheall orthu i 2009.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH / BEARTAS SOLÁTHAIR

Cuspóir Straitéiseach a hAON

Struchtúr uileghabhálach láidir éifeachtach maidir le Rialachas Corparáideach na Roinne a chinntiú agus é bunaithe ar dhea-chleachtas chun a éascú do Rannáin ina gcuid rialachas ar na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne ó lá go lá agus lena chinntiú go mbeidh tuarascálacha cruinne agus tráthúla ar ghníomhaíochtaí Rialachais ar fáil d'Airí agus don Choiste Bainistíochta.

Chomhordaigh an tAonad an Creat Rialachais Chorparáideach uileghabhálach chun a éascú do Rannáin lena bhfreagrachtaí Rialachais Chorparáidigh ó lá go lá. Tugadh faoi socruithe conartha do phríomhoifigigh feidhmiúcháin na gComhlachtaí Stáit faoi réimse freagrachtaí na Roinne go tapa agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais. Cuireann suíomh

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

r-Rialachas sonraí ar fáil don Aire agus don Choiste Bainistíochta den staid cothrom le dáta maidir le ballraíocht agus folúntais ar Bhoird agus ar Chomhlachtaí ag oibriú faoi choimirce na Roinne.

Cuspóir Straitéiseach a DÓ

Leagan amach agus cur i bhfeidhm ar Phlean Soláthair sárchleachtais nua a thógfaidh san áireamh bearta chun úsáid fuinnimh, páipéir agus acmhainní eile na Roinne a laghdú.

Tá Plean Soláthair Corparáideach dréachtaithe don Roinn. Lean an tAonad ar aghaidh ag cur comhairle ar Rannáin faoi gach ábhar soláthair go háirithe ceisteanna comhlíonta agus ag cur chun cinn an riachtanas do luach ar airgead.

AN tAONAD UM ATHRÚ STRAITÉISEACH

Rinne an tAonad maoirsiú ar ullmhúchán agus ar fhoilsiú roinnt doiciméad i rith na bliana lena n-áirítear Plean Gnímh Seirbhíse don Chustaiméir 2009-2011, an Chairt Seirbhíse don Chustaiméir 2009-2011 agus an Tuarascáil Bhliantúil 2008. D'fhreastal an tAonad ar na cruinnithe rialta a tionóladh i rith 2009 faoin bpróiseas Comhpháirtíochta.

Cuireann an tAonad seirbhís deisce cabhrach do chustaiméirí ar fáil do bhaill den phobal freisin.

Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Cuireann an Chairt don Chustaiméir agus Plean Gnímh Seirbhíse don Chustaiméir sonraí ar fáil faoi na tiomantais do sheirbhís ar ardchaighdeán do chustaiméirí (QCS), lenar féidir le custaiméirí na Roinne a bheith ag súil leo. Chomh maith leis sin soláthraíonn an plean gnímh sonraí de na caighdeáin seirbhíse sonracha a chuirfear i bhfeidhm ar fud raon na seirbhísí atá curtha ar fáil ag an Roinn.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

Leibhéil Chomhlíonta le caighdeáin seirbhíse sonracha thar tréimhse 12 mí ón 1 Iúil 2008 go 30 Meitheamh 2009

Seirbhís a cuireadh ar fáil	Caighdeáin na Seirbhíse	Leibhéil Chomhlíonta (na cúiseanna murar comhlíonadh an caighdeán)
Ceadúnais agus Údaruithe Taiscéalaíochta Peitriliam	Cinntí ar iarratais laistigh de dhá mhí.	40% (Lorgaíodh anailís teicniúil mionsonraithe agus eolas breise sna hiarratais fanta)
Ceadúnais sirtheoireachta mianraí	Cinntí ar iarratais laistigh de cheithre mhí.	Sroicheadh spriocanna i bhformhór na gcásanna.
Saoráidí Mianadóireachta Stáit	Cinntí ar iarratais laistigh d'fhráma ama socraithe idir an t-iarratasóir agus an Roinn.	Curtha i gcrích laistigh de na spriocanna athbhreithnithe a comhaontaíodh le comhlachtaí.
Comhairle agus Eolas Geolaíoch	Comhairle Teileafóin láithreach curtha ar fáil nuair is cuí le cúltaca eile curtha ar fáil laistigh d'aon mhí amháin.	Comhlíonadh na caighdeáin seirbhíse go hiomlán.

BAINISTÍOCHT CHORPARÁIDEACH, BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS FORBAIRT AGUS NUA-CHÓIRIÚ

An tAONAD FORBARTHA FOIRNE (SDU)

Ba í an phríomhchuspóir oiliúna do 2009 ná tacaíocht a thabhairt do riachtanais gnó na Roinne trí oiliúint a sheachadadh agus í ag teacht leis na riachtanais agus na tosaíochtaí oibríochta a d'aithin lucht bainistíochta agus baill foirne.

Áiríodh ar na tosaíochtaí oiliúna i 2009:

- Oiliúint um Bhainistíocht Airgeadais
- Saoráil Faisnéise
- Anailís ar Thionchar Rialála
- Oiliúint um an chóras Agresso
- Oiliúint Teicniúil Speisialta

D'éirigh leis an Roinn réimse leathan oiliúint foirne a sholáthar agus a éascú mar thacaíocht lena cuspóirí gnó. D'éirigh leo é seo a bhaint amach le béim ar leith ar luach ar airgead a fháil. Thug an tAonad Forbartha Foirne (SDU) faoi athbhreithniú ar cháipéis Bheartas Forbartha Foirne atá le eisiúint go luath i 2010.

B'ionann costais Oiliúna agus Forbartha don bhliain 2009 agus 3.44% de chostais thuarastail na Roinne. Bhí an oiliúint seo comhdhéanta de chúrsaí curtha amach ar chonradh agus curtha ar fáil go hinmheánach.

OIFIGEACH NA GAEILGE

Cuidíonn agus cuireann an Roinn chun cinn seachadadh seirbhísí i nGaeilge agus go dátheangacha de réir na scéime a chomhaontaíodh faoi Mhír 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 mar chuid de **Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí** agus i nGrúpa Oibre na n-Oifigeach Sinsearach den Choiste Comh-Aireachta ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht.

Sonraí na gCúrsaí Oiliúna	2008	2009
Cúrsaí curtha i gcrích	148	86
Líon Foirne a Oileadh	309	236
Laethanta Oiliúna curtha i gcrích	1225.50	765
Laethanta oiliúna an duine ar an meán	4	3
Caiteachas Iomlán	€737,078.84	€614,526.78

AGUISÍN A: STRUCHTÚR NA ROINNE AMHAIL 31.12.2009



AGUISÍN B: VÓTA 30: MEASTACHÁIN AGUS TORADH 2009

Focheannteideal		Measachán €000	Toradh €000
RIARACHÁN			
A01	Tuarastail, Pá & Liúntais	18,552	17,992
A02	Cothabháil & Taisteal	809	504
A03	Caiteachais Theagmhasacha	1,245	1,151
A04	Postas & Teileachumarsáid	720	453
A05	Innealra Oifige & Soláthairtí	4,655	3,163
A06	Costais Oifige & Áitribh	1,500	1,159
A07	Seirbhísí Comhchomhairleacha	1,155	739
A08	Trealamh, Stórais & Cothabháil	225	267
A09	Luach ar Airgead & Athbhreithnithe Beartas	42	12
Fo-iomlán		**28,903**	**25,440**
CUMARSÁID			
B01	Eolas	46,049	40,021
B02	Forbairtí Ilmheán	6,731	5,544
B03	Clár RAPID	1,147	774
B04	Sochaí na Faisnéise & Ríomhuilechuimsitheacht	824	820
Fo-iomlán		**54,751**	**47,159**
CRAOLACHÁN			
C01	Deontas do RTÉ	207,640	204,255
C02	Íocaíocht chuig an Post	13,714	12,444
C03	Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI)	4,550	4,550
C04	TG4	36,133	36,133
C05	Ciste Craolacháin	10,804	11,888
C06	Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT)	-	-
Fo-iomlán		**272,841**	**269,270**

AGUISÍN B: VÓTA 30: MEASTACHÁIN AGUS TORADH 2009

FUINNEAMH			
D01	Riarachán Údaráis Éireann um Fhuinneamh Inmharthana	8,350	8,350
D02	Cláir Fhuinnimh Inmharthana	96,422	59,267
D03	Cláir Taighde Fuinnimh	8,676	12,162
D04	Infrastruchtúr Fuinnimh Straitéiseach	1	-
D5	Tionscnaimh Fheasachta um Éifeachtúlacht Fuinnimh	894	890
Fo-iomlán		**114,343**	**80,669**
ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA			
E01	Seirbhísí Peitriliam	975	755
E02	Seirbhísí Mianadóireachta	6,684	3,676
E03	Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	438	157
E04	Tionscnaimh Gheo-eolaíochta	1,228	1,127
E05	Suirbhéireachtaí Náisiúnta Ghrinneall na Farraige	3,363	3,449
E06	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	5,087	5,087
Fo-iomlán		**17,775**	**14,251**
IASCAIGH			
F01	Iascaigh Intíre	34,046	31,455
F02	Caomhnú Bradán	4,187	4,612
Fo-iomlán		**38,233**	**36,067**
ILGHNÉITHEACH			
G01	Táillí d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta	303	296
G02	Ciste Bainistíochta Athraithe	1	-
G03	Seirbhísí Gáis	32	32
G04	Seirbhísí Eile	501	-
Fo-iomlán		**837**	**328**
Oll-iomlán		**527,683**	**473,184**

AGUISÍN B: VÓTA 30: MEASTACHÁIN AGUS TORADH 2009

LEITHREASAÍ-i-gCABHAIR			
H01	Fíneálacha & Forghéilltí ar Choireanna Iascaigh	86	35
H02	Fáltais faoi réir na nAchtanna Peitriliam agus Mianraí	10,685	7,437
H03	Grúpa Tacaíochta Bonneagair Peitriliam	782	740
H04	Táillí ar Cheadúnais Craolacháin	229,778	226,207
H05	Fáltais Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI)	1,000	421
H06	Cíos ar Mhaoine in Ardoifig an Phoist	228	224
H07	An Clár Rapid	1,147	774
H08	Ranníocaíochtaí Pinsin Nora	98	-
H09	Fáltais Ilghnéitheacha	1,500	1,287
H10	Tobhach Pinsin	3,880	3,746
Iomlán na Leithreasaí-i-gCabhair		**249,184**	**240,871**
Iomlán Glan		**278,499**	**232,313**

RIARACHÁN	25,440
CUMARSÁID	47,159
CRAOLACHÁN	269,270
FUINNEAMH	80,669
ACMHAINNÍN	14,251
IASCAIGH	36,067
ILGHNÉITHEACH	328

2009 CAITEACHAS



AGUISÍN C: REACHTAÍOCHT A RITHEADH i 2009

ACHTANNA A RITHEADH AGUS BILLÍ

- An tAcht Craolacháin 2009
- An tAcht Gáis (Leasú) 2009 [Uimh. 3 de 2009]

BILLÍ CURTHA CHUN CINN NÓ TÚS CURTHA LEO

- An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí) 2009.
- Tá gach céim rite ag an mBille seo sa Dáil agus rachaidh sé chuig an tSeanad go luath in 2010.
- An Bille Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2009
- An Bille um Shábháilteacht Peitriliam (Taiscéaladh agus Astarraingt) curtha chun cinn i 2009.
- An Bille um Iascach Intíre 2009

TREORACHA an AE

- Treoir ón gComhairle 2009/119/AE eisithe an 14 Meán Fómhair 2009 a chuir oibleagáid ar Bhallstáit stoc íosta d'amh-ola agus/nó earraí peitriliam a choinneáil
- Treoir 2009/73/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an13 Iúil 2009 maidir le rialacha coitianta don mhargadh inmheánach i ngás nádúrtha lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/AE
- Treoir 2009/72/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le rialacha coitianta don mhargadh inmheánach lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/AE

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A RINNEADH

Rinneadh na hOrduithe de chuid an Rialtais agus de chuid an Aire agus na Rialacháin seo a leanas i 2009

I.R. Uimh.	Teideal
76	An tOrdú um an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Liúntais chaipitiúla luathaithe i leith trealaimh atá tíosach ar fhuinneamh) 2009
238	An tOrdú um an Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 (Alt 13) (Tosach Feidhme Fhorálacha Eile) 2009
393	An tOrdú um an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Liúntais chaipitiúla luathaithe do threalamh atá tíosach ar fhuinneamh) (Leasú) (uimh. 2) 2009
499	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (teas is cumhacht in éineacht ard-éifeachtúlachta) 2009
542	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (éifeachtúlacht úsáid deiridh agus seirbhísí fuinnimh) 2009
549	An tOrdú um an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (Liúntais chaipitiúla luathaithe do threalamh atá tíosach ar fhuinneamh) (leasú) (uimh. 3) 2009
389	Údarás Craolacháin na hÉireann a bhunú
319	An tOrdú um Cheadúnas Teilifíse (Díolúine d'Aicmí de Ghléasanna Teilifíse) 2009
199	An tOrdú um Fhuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) 2009
207	An tOrdú um Chomhairleoir Speisialta (an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha) a Cheapadh 2009
208	An tOrdú um Chomhairleoir Speisialta (an tAire Stáit ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha) a Cheapadh 2009
298	An tOrdú um an Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 (Tosach Feidhme Alt 6) 2009
299	An tOrdú um an Acht um Rialáil Leictreachais 1999 (Duine a Cheapadh chun Coibhnis Cumhacht go Teas Aonad Teas is Cumhacht in Éineacht a Ríomh) 2009
59	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) (Leasú) 2009
214	Rialacháin um an Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Tuairisceáin agus Tobhach) (Leasú) 2009
247	Rialacháin na gComhphobal Eorpach um an Acht um an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta 2007 (Alt 26 4 a aisghairm) 2009

IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A RINNEADH

358	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí contúirteacha ó shuiteálacha amach ón gcósta a rialú) 2009
142	An tOrdú um Rialú Iascaireachta Bradán, 2009
495	An tOrdú um Boird Iascaigh Réigiúnacha (Toghcháin a Iarchur) 2009
537	An tOrdú um Ghnáth-Cheadúnais Slaite Bradán (Dleachtanna Ceadúnas a Athrú) 2009
538	An tOrdú um Uiscí Taoide Speisialta (***Ceadúnais*** Áitiúla ***Speisialta***) (Dleachtanna a Athrú) 2009
557	Na Rialacháin um an Scéim Chlibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal Fiáin, 2009
560	Na Rialacháin Iascaigh Intíre (Fógra maidir le hÍocaíocht Sheasta) 2009

REACHTAÍOCHT A RITHEADH I 2009

FODHLÍTHE IASCACH INTÍRE DÉANTA ag an AIRE nó ag an AIRE STÁIT.

Uimhir Fodhlí	Teideal
C.S. 302	Réigiún Iascaigh an Iarthuaiscirt Uimhir 11 nó Ceantar Bhéal an Átha (Cosc ar Shlatiascaireacht le Slat agus Ruaim)
C.S. 303	Caomhnú Iascaireacht Eascanna
C.S. 303	Caomhnú Iascaireacht Eascanna
C.S. 304	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Aibhneacha Dúnta)
C.S. 305	Réigiún Iascaigh an Iardheiscirt (Abhainn na Bandan) Caomhnú Bradán agus Breac Geal
853	Réigiún Iascaigh na Sionainne (Abhainn na Sionainne) Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Gabháil agus Scaoileadh)
854	Réigiún Iascaigh an Oirthir Uimhir 2 nó Ceantar Loch Garman (Bóthar na Sláine)
855	Córas Abhainn Abhóca Réigiún Iascaigh an Oirthir (Gabháil agus Scaoileadh)
856	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Líonta Tarraingthe agus Sciob-líonta)
857	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Cosc ar Líonta Tarraingthe agus Innill Eile a Úsáid)
858	Caomhnú Iascaireacht Eascanna (Cosc ar Cheadúnais a Eisiúint) Fodhlí Uimhir 858, 2009
859	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Síneadh ama le Séasúr na Líonta Tarraingthe)
860	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Síneadh ama le Séasúr na Sciob-líonta) (An Fheoir)
861	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Síneadh ama le Séasúr na Sciob-líonta) (An Fheoir)
862	Réigiún Iascaigh an Oirthir (Loch Ramhar) Caomhnú Iasc Garbh (Gabháil agus Scaoileadh)
863	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Gabháil agus Scaoileadh)
864	Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Teorainneacha Málaí)
865	Réigiún Iascaigh an Iarthuaiscirt - Caomhnú Bradán agus Breac Geal (Abhainn na Daraí Duibhe)
866	Réigiún Iascaigh an Deiscirt (Abhainn Mhór na Mumhan) Caomhnú Bradán agus Breac Geal

AGUISÍN D: Anailís ar Thionchar Rialála (RIA-anna) a rinneadh sa Roinn i rith 2009

Teideal na mBillí:
An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí) 2009

An Bille Fuinnimh (Oibleagáid Bhithbhreosla agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2009

An Bille um Iascach Intíre 2009

Treoir 2009/73/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13ú Iúil 2009 maidir le rialacha coitianta don mhargadh inmheánach i ngás nádúrtha lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/AE

Treoir 2009/73/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13ú Iúil 2009 maidir le rialacha coitianta don mhargadh inmheánach i ngás nádúrtha lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/AE

Is féidir teacht ar RIAnna atá foilsithe trí na naisc seo a leanas:

http://www.dcenr.gov.ie/NR/rdonlyres/D43D4D7B-9724-466A-A5C6-67A46699D559/0/RIAonRegulationofpremiumrateservices.doc

http://www.dcenr.gov.ie/NR/rdonlyres/26358B8D-1DC7-4B0F-B697-2F2FEDA32F46/0/BiofuelsObligationRIAJuly09.pdf

http://www.dcenr.gov.ie/NR/rdonlyres/8E02542E-8BC5-4602-8D42-3ED104B2F350/0/RIANOV09Final.doc

AGUISÍN E: COMHLACHTAÍ FAOI CHOIMIRCE NA ROINNE

Tá an Roinn freagrach as 25 comhlacht stáit rialaithe, idir thráchtála agus neamhthráchtála, mar a léirítear thíos:

COMHLACHT	PRÍOMHRÓL
CUMARSÁID	
An Post	Soláthraí seirbhíse post náisiúnta na hÉireann.
An Coimisiúin um Rialáil Cumarsáide	Tá cúram rialaithe an mhargaidh cumarsáide in Éirinn ar ComReg. Clúdaíonn a shainchúram gach cineál gréasán tarchuir ón seirbhís thraidisiúnta teileafóin sreinge go hoibritheoirí a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse agus ó ghréasáin fhóin phóca go dtí an tseirbhís poist.
Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh	Bunaíodh í faoin Acht um Ghníomhaíocht Fhorbartha don Mhol Digiteach 2003 chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt an Mhoil Dhigitigh.
CRAOLACHÁN	
Radió Teilifís Éireann	An Craoltóir Seirbhíse Poiblí Náisiúnta agus comhlacht atá neamhspleách go reachtúil.
TG4	Bealach Teilifíse na Gaeilge agus comhlacht atá neamhspleách go reachtúil.
Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)	Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann an 1ú Deireadh Fómhair 2009, mar rialtóir neamhspléach do chraoltóirí raidió agus teilifíse in Éirinn. Tá réimse cuspóirí agus feidhmeanna ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI). Agus a chuid feidhmeanna á chomhlíonadh aige ní mór d'Údarás

COMHLACHT	PRÍOMHRÓL
	Craolachán na hÉireann (BAI) a chinntiú go bhfuil a chur chuige rialála i gcomhréir agus go dtógann sé réimse agus cineál sheirbhísí craolacháin in Éirinn san áireamh. Tá freagracht ar Údarás Craolacháin na hÉireann a chinntiú go mbeidh rialáil craolacháin seasmhach. Chomh maith leis sin tá ról ag an Údarás forbairt theicneolaíochta san earnáil chraolacháin a spreagadh.
Bord Soláthair an Leictreachais (ESB)	Is corparáid reachtúil é Bord Soláthair an Leictreachais (ESB) a bunaíodh faoin Acht Leictreachais (Soláthar) 1927. Tar éis achtú an Achta Leictreachais (Soláthar) (Leasú) 2001 cuireadh scéim scairsheilbhe 5% d'fhostaithe i bhfeidhm.
EirGrid plc	Bunaíodh EirGrid plc chun gníomhú mar an Oibritheoir Córas Tarchuir (TSO) neamhspleách ag teacht le riachtanais na Treorach Leictreachais ón AE agus a tháinig i bhfeidhm ina Oibritheoir Córas Tarchuir Neamhspleách (TSO) an 1 Iúil 2006.
Bord Gáis Éireann	Is úinéir agus oibritheoir an ghréasáin iompair gáis sa Stát é BGÉ. Is iad na príomhghníomhaíochtaí atá aige ná gás a fháil agus a sholáthar. Déanann an Bord soláthair ar bhreis is 600,000 custaiméir cónaitheach agus ar bhreis is 20,000 cus taiméir tionscail agus tráchtála. Is solá thraí leictreachais BGÉ freisin.
An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	Tá an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) freagrach as gnóthais fuinnimh a cheadúnú agus a údarú, soláthar leictreachais agus gáis a chinntiú, taraifí

COMHLACHT	PRÍOMHRÓL
	áirithe a cheadúnú agus a rialú agus margaí leictreachais agus gáis náisiúnta agus réigiúnacha a fhorbairt ag teacht lena fheidhmeanna reachtúla agus le ceanglais náisiúnta agus le ceanglais an AE.
Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann (INPC)	Níl aon acmhainneacht oibríochtúil ná fostaithe ag an INPC tar éis an ghnó agus sócmhainní tráchtála (Scaglann an Gheata Bháin agus críochfort stórála Bheanntraí) a dhíol in Iúil 2001. Tá a gníomhaíochtaí teoranta dá cearta agus oibleagáid faoi chomhaontú ceannach agus díol a mbaineann leis an idirbheart i 2001.
Bord na Móna Teo.	Is soláthraí é Bord na Móna Teo. d'earraí agus de sheirbhísí atá bunaithe go príomha ar mhóin. Soláthraíonn an Chomhlacht earraí agus seirbhísí freisin sna hearnálacha gnó a bhaineann leis an gcomhshaol, le fuinneamh in-athnuaite, giniúint leictreachais agus bainistiú dramhaíola.
An Ghníomhaireacht um Stoc Náisiúnta Ola (NORA)	Tá freagrachtaí ar Éirinn faoi (a) Threoracha ón AE agus (b) Rialacha na Gníomhaireachta Fuinnimh Idirnáisiúnta (IEA) chun stoc ola a choimeád. Bunaíodh An Ghníomhaireacht um Stoc Náisiúnta Ola (NORA) i 1995, mar fhochuideachta de Chorparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann Teoranta (INPC) chun na freagrachtaí sin a chomhlíonadh. Socraíonn An Ghníomhaireacht um Stoc Náisiúnta Ola (NORA) stoc ola straitéiseach náisiúnta a cheannach, a thógáil ar léas agus a stóráil ar an leibhéal a dhéanann an tAire a chinneadh go bliantúil.

COMHLACHT	PRÍOMHRÓL
Údarás na hÉireann um Fhuinneamh Inmharthana (SEAI)	Bunaíodh Údarás na hÉireann um Fhuinneamh Inmharthana (SEAI), in áit SEI a chuaigh roimhe, i 2002 chun an fuinneamh inmharthana a chur chun cinn agus cuidiú lena fhorbairt.
ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA	
An Príomh-Bhord Iascaigh	Cur chun cinn, tacaíocht agus comhordú an iascaigh intíre chomh maith le comhordú agus stiúradh Gníomhaíochtaí na seacht mBord Iascaigh Réigiúnach.
Boird Iascaigh Réigiúnacha (7)	Iascaigh Intíre a chaomhnú, a chosaint agus a fhorbairt.
Gníomhaireacht na Lochanna Choimsiún an Fheabhaill, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann*	Áirítear ar na freagrachtaí (a) cur chun cinn agus forbairt Loch Feabhaill agus Loch Cairlinn chun críocha tráchtála agus fóillíochta i leith cúrsaí dobharshaothraithe, iascaireachta agus mara; (b) Iascach intíre a bhainistiú, a chaomhnú, a chosaint, a chur chun cinn agus a fhorbairt; (c) dobharshaothú a fhorbairt agus a cheadúnú; agus (d) turasóireacht mara a fhorbairt.
An Bord Mianadóireachta	Bord neamhspleách a bunaíodh faoi réir na nAchtanna Forbartha Mianraí 1949. Is í an fheidhm atá ag an mBord ná cúiteamh a chinneadh i gcásanna éagsúla. Tá freagracht air freisin as cad iad na mianraí a bheidh inghlactha ó cheart eisiach an Stáit chun mianraí a oibriú faoin Acht sin.
COMHLACHT	**PRÍOMHRÓL**
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	Soláthraíonn Suirbhéireacht Ordanáis Éireann seirbhísí faisnéise geografacha agus léarscáiliú ar ard-chaighdeán a dheánann freastal ar riachtanais na sochaí.

* *Comhlacht Forfheidhmithe faoin Acht um Chomhaontú na Breataine - na hÉireann 1999.*

AGUISÍN F: Comhlachtaí Stát-Urraithe Tráchtála

Ní chomhdhlúthaítear i gcuntais na Roinne cuntais Chomhlachtaí Stát-urraithe atá faoina coimirce. Bhí freagracht i 2009, áfach, ag an Aire agus ag a Roinn thar ceann an Stáit do sheacht Chomhlacht Stát-urraithe tráchtála agus tá sonraí airgeadais maidir leis na Comhlachtaí sin ar fáil ar na láithreáin gréasáin seo a leanas:

www.anpost.ie
www.esb.ie
www.bordGais.ie
www.bnm.ie
www.RTE.ie
www.eirgrid.com
www.tg4.ie

AGUISÍN G: GLUAIS na nGIORRÚCHÁN A ÚSÁIDEADH

ACA	Liúntais Chaipitiúla Luathaithe
AE	An tAontas Eorpach
BAI	Údarás Craolacháin na hÉireann
BCC	Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin
Bcf	Billiún Troigh Ciúbach
BCI	Coimisiún Craolacháin na hÉireann
BER	Rátáil Fuinnimh Foirgneamh
BGÉ	Bord Gáis Éireann
BGS	Suirbhéireacht Gheolaíochta na Breataine
BIM	Bord Iascaigh Mhara
BSL	Bord Soláthair an Leictreachais
CAG	Socrú Coitinn do Ghás
CCGT	Tuirbín Gáis Comhthimtrialla
CCS	Gabháil agus Stóráil Carbóin
CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
CHP	Comhghiniúint Teasa agus Cumhachta
CLCS	Coimisiúin um Theorainneacha na Scairbhe Ilchríochaí
ComReg	An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
DCENR	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha
DETINI	An Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, Tuaisceart Éireann
DHDA	Gníomhaireacht Forbartha an Mhoil Dhigitigh
DSO	Oibritheoir Córais Dáilte
DTT	Teilifís Dhigiteach Trastíre
ECAS	Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála
ED	Toghroinn
EDRT	Sprioc Laghdaithe Éilimh Fuinnimh
EERP	An Plean Téarnamh Eacnamaíoch Eorpach
EMD	Rannán Taiscéalaíochta agus Mianadóireachta
EPA	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
EWIC	Idirnascaire Soir Siar
EVs	Feithiclí Leictreacha
FCILC	Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann
FMS	Córas Bainistíochta Airgeadais
FOI	Saoráil Faisnéise
GIS	Córais Faisnéise Gheografacha
GPO	Ard-Oifig an Phoist

GSI	Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann
GSNI	Suirbhéireacht Gheolaíochta Thuaisceart Éireann
HES	Spáráiltí Fuinnimh Baile
HR	Acmhainní Daonna
ICT	Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT)
IEA	An Ghníomhaireacht Fuinnimh Idirnáisiúnta
INPC	Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann Teoranta
ITGWU	Ceardchumann Iompair agus Ilsaothair na hÉireann
MAN	Líonra Ceantar Uirbeach
Mb/s	Meigighiotán sa Soicind
MSE	Aonán Bainistithe Seirbhísí
MW	Meigeavata
NASCO	An Eagraíocht um Chaomhnú Bhradáin an Atlantaigh Thuaidh
NBS	Scéim Leathanbhanda Náisiúnta
NDRC	An t-Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach
NEEAP	An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh
NGB	Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile
NIAUR	Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fóntas
NORA	An Ghníomhaireacht um Stoc Náisiúnta Ola
NTCC	Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh
OIC	Oifig an Choimisinéara Faisnéise
OJEU	Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh
OPALS	Córas Ceadúnaithe Iarratas Sirtheoireachta ar líne
OSi	Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
PMDS	Córas Forbartha na Bainistíochta Feidhmíochta
PQ	Dáil-Cheist
QCS	Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí
RIA	Anailís Ar Thionchar Rialála
REFIT	Taraif Infhothaithe Fuinnimh Inathnuaite
RTDI	Taighde, Teicneolaíocht, Forbairt agus Nuáil
RTÉ	Raidió Teilifís Éireann
SDU	Aonad Forbartha Foirne
SEAI	Údarás na hÉireann um Fhuinneamh Inmharthana
SEM	An tAon-Mhargadh Leictreachais
SEPIL	Comhlacht Shell in Éirinn um thaiscéalaíocht & tháirgiú
SLA	Comhaontú Leibhéal Seirbhíse
SI	Ionstraim Reachtúil
SME	Gnóthais Bheaga agus Meán-Ghnóthais

SONI	Oibritheoir Córais Thuaisceart Éireann
USB	Bus Uilíoch Srathach
WFD	An Creat-Treoir Uisce (ag an AE)
WHS	Scéim na dTithe níos Teo